Comhairle Contae Fhine Gall

Fingal County Council




# Tuarascáil Bhliantúil 2010

# Contents


| | |
|---|---|
| Réamhrá ón Méara | 3 |
| Teachtaireacht ón mBainisteoir Contae | 4 |
| Léarscáil Thoghcheantar Chomhairle Contae Fhine Gall | 5 |
| Seirbhísí Corparáideacha | 6 |
| Seirbhísí Uisce | 23 |
| Áineas Pobail & Fóntais | 33 |
| Tithíocht | 46 |
| Ailtirí | 49 |
| Iompar | 55 |
| Timpeallacht, Forbairt Eacnamaíoch & Shóisialta | 63 |
| Pleanáil | 72 |
| Acmhainní Daonna | 76 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 78 |
| Airgeadas | 81 |

# Réamhrá an Mhéara



Bhí 2010 ina bliain thar a bheith dúshlánach arís d'Fhine Gall mar réigiún agus don tír i gcoitinne. Ba mhór an onóir dom é bheith i mo Mhéara, agus ionadaíocht a dhéanamh ar Fhine Gall agus mé ar an gcéad shaoránach.

Le linn mo théarma ba mhór agam é freastal ar roinnt imeachtaí suntasacha sa chontae. I mí Dheireadh Fómhair, le hOscailt Oifigiúil an M50 athchóirithe agus baint Dhroichead Dola an Naisc Thiar, tá laghdú ar an mbrú tráchta agus rochtain níos fearr ar ghnóthaí agus ar chonláistí Fhine Gall – agus dá bharr tá sé ina áit níos tarraingtí bheith ag cónaí, ag siopadóireacht agus ag siamsaíocht.

Chomh maith leis sin, i mí Dheireadh Fómhair, reáchtáil Fine Gall na Gradaim 'Pobail níos Slachtmhaire'. Tá buíochas ar leith ag dul do gach duine a spreag muid bheith bródúil as ár dtimpeallacht. San iomlán bhí 172 iontrálaí ar fud na gcatagóirí uile – ina measc an gradam don Ghairdín is Fearr agus an gradam don Ghnó Glas is Fearr. Teist mhaith ar bhród áitritheoirí Fhine Gall as an gcomhshaol áitiúil.

I mí na Samhna 2010, ba chúis áthais dom é Leabharlann an Rois a oscailt. Bronnadh an gradam don chaomhnú/athchóiriú is fearr air i nGradaim Ailtireachta na hÉireann, agus is acmhainn den scoth í do mhuintir an Rois agus do mhuintir na gceantar máguaird.

Mar fhocal scoir, ádh mór ar an duine a bheidh ag teacht i gcomharba orm an bhliain seo chugainn.

An Comhairleoir Ken Farrell

Méara Fhine Gall.

# Teachtaireacht ón mBainisteoir Contae



Bliain dheacair a bhí ann i mbliana ar bhonn eacnamaíoch agus ar bhonn pearsanta do gach saoránach agus gnó i bhFine Gall. D'ainneoin acmhainní laghdaithe, ámh lean Comhairle Contae Fhine Gall ag soláthar seirbhísí ar bhealach éifeachtach le linn 2010.

Tá an iliomad buntáistí ag baint le bheith ag cónaí agus ag obair i bhFine Gall, buntáistí a choinneoidh muid ag feidhmiú sa tréimhse dheacair eacnamaíochta seo. Tá roinnt de na láithreacha turasóireachta is fearr againn agus leanfaimid á bhforbairt agus á gcur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta sa bhliain amach romhainn.

Tá Fine Gall ina gheata don chuid eile den tír sa mhéid go bhfuil Aerfort Bhaile Átha Cliath suite inár gcontae. Thosaigh na chéad seirbhísí sceidealaithe ó Chríochfort 2 nua ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 2010 agus tráth a thosóidh an cor chun feabhais táimid i suíomh maith sinn féin a chur chun cinn go hidirnáisiúnta.

Sa bhliain 2010 sháraigh Comhairle Contae Fhine Gall í féin ar roinnt bealaí. Bhronn Cumann na gComhlachas Tráchtála 3 ghradam ar an gComhairle don Bharr Feabhais sa Rialtas Áitiúil:

- Údarás Áitiúil na Bliana sa bhliain 2010, a bhfuilim thar a bheith bródúil as.
- An gradam Nuáil sa Teicneolaíochta don Bhreathnóir caiteachais ar líne.
- Comhthionscadal Údaráis Áitiúil (le Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin) don chóras Aighneachtaí Plean Forbartha ar líne.

De bhreis air sin chur ár Rannóg TF i bhfeidhm an chéad Suíomh Gréasáin Sonraí Oscailte Rialtais sa tír le suíomh gréasáin Sonraí Oscailte Fhine Gall - www.data.fingal.ie

Tar éis iniúchadh sonrach a rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta ar Rannóg AD Chomhairle Contae Fhine Gall bhí an Rannóg AD ar an gcéad rannóg AD sa rialtas áitiúil ar bronnadh an Caighdeán Cáilíochta Bainistíochta ISO 9001:2008 uirthi, caighdeán atá aitheanta go hidirnáisiúnta, do sholáthar seirbhísí acmhainní daonna –éacht eile déanta ag ár bhfoireann.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta i gcónaí do chruthú agus do thacú fiontair sa Chontae. D'oscail ár dtríú hionad fiontair i nDraighneán i Sord i mí Márta 2010. Faoi láthair tá 24 aonad áitrithe – sin ráta áitrithe de 75% le 65 duine fostaithe san ionad go dtí seo. Leanfaimid orainn ag forbairt agus ag éascú tionscal agus gnóthaí sa Chontae agus chuige seo laghdaíomar ár rátaí tráchtála faoi 10% sa bhliain 2010.

Leanadh den phleanáil do thodhchaí an chontae le linn 2010, leis an ullmhúchán deiridh den Phlean Forbartha Contae 2011-2017 atá beartaithe a bheith i gcrích i mí Aibreáin 2011. Leagfar amach sa Phlean seo na polasaithe agus na straitéisí d'fhorbairt i bhFine Gall thar an gcéad chúig bliana eile agus cuideoidh linn bheith ullamh chun dul i ngleic leis na dúshláin eacnamaíochta atá romhainn.

Sa bhliain atá amach romhainn cuirfear leis an gcaidreamh seanbhunaithe atá ag an gComhairle leis na pobail a bhfreastalaíonn sí orthu. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeimis go léir in iúl ar ár bhfreagrachtaí agus go leanfaimid ag cur ina luí ar ár n-aos óg meas a bheith acu ar an gcomhshaol ina bhfuil siad ag cónaí.

Gabhaim buíochas le gach ball d'fhoireann na Comhairle as bhur rannpháirtíocht agus bhur gcomhoibriú le bliain anuas ag ullmhú dár struchtúr nua Eagraíochtúil a bheidh i bhfeidhm go luath sa bhliain 2011. Leis an Rannóg Oibríochtaí nua atá beartaithe beimid in ann ár n-acmhainní a chomhdhlúthú agus deiseanna a sholáthar dár bhfoireann taithí a fháil bheith ag obair i gcodanna éagsúla den Chomhairle. Tá sé ríthábhachtach do mhuintir Fhine Gall go ndéanfaí seirbhísí a sholáthar ar an mbealach is éifeachtaí agus is tíosaí má táthar chun leanúint ag forbairt Fhine Gall mar áit inar mhian le daoine bheith ina gcónaí, bheith ag obair agus cuairt a thabhairt uirthi agus táim muiníneach go gcuideoidh an struchtúr nua linn seo a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Méara, an Comhairleoir  Ken Farrell agus leis an gComhairleoir Ciaran Byrne ar tháinig sé i gcomharba air, agus le gach Ball den Chomhairle as a gcomhoibriú agus a dtacaíocht maidir leis an iliomad saincheisteanna le linn 2010. Táim ag súil go mór bheith ag obair lena chéile ar mhaithe le todhchaí Fhine Gall i 2011.

David O'Connor, Bainisteoir Contae

# Toghléarscáil Chomhairle Contae Fhine Gall

## FHINE GALL





**MÉARA**

**Ciarán Byrne**

Méara
Eanáir 2010 -
Meitheamh2010



**Ken Farrell**

Méara
Meitheamh 2010 -
Nollaig 2010



**LEAS-MHÉARA**

**Tom Kelleher**

Leas-Mhéara
Eanáir 2010 -
Meitheamh 2010



**Peter Coyle**

Leas-Mhéara
Meitheamh 2010 -
Nollaig 2010

# Comhairle Contae Fhine Gall-Comhaltaí Tofa

## TOGHLIMISTÉAR BHAILE BRIGÍN



**Ken Farrell**
(Lucht Oibre)

4 An Céide,
Páirc Orlynn, Lusca,
Co. Átha Cliath.

Guthán Póca:
087 755 1927

R-phost: ken.farrell@
fingalcoco.ie



**David O'Connor**
(Neamh-Pháirtí)

"Fearann na Cluana",
Baile Bachaille,
Co. Átha Cliath.

Teil: 843 3691
Guthán Póca:
087 680 3860

R-phost:
davidj.oconnor@
fingalcoco.ie



**Tom O'Leary**
(Fine Gael)

4 Haven House,
Sráid Thomáis Uí
Láimhín, Na Sceirí,
Co. Átha Cliath.

Guthán Póca:
087 241 1626

R-phost: tom.oleary@
fingalcoco.ie



**Ciaran Byrne**
(Lucht Oibre)

41 An Trá Theas,
Na Sceirí, Co. Átha Cliath.

Teil: 849 1179
Guthán Póca:
087 227 3060
Facs: 849 5361

R-phost: ciaran.byrne@
fingalcoco.ie



**May McKeon**
(Neamh-Pháirtí)

"An tSí Mhór",
Faiche an Mhargaidh,
Baile Brigín,
Co. Átha Cliath.

Teil: 841 3660
Guthán Póca:
087 785 2644

R-phost: may.mckeon@
fingalcoco.ie

## TOGHLIMISTÉAR SHOIRD



**Clare Daly**
(Páirtí Sóisialach)

21 Céide Choill an
Leamháin, Sord,
Co. Átha Cliath.

Teil: 840 8059
Guthán Póca:
087 241 5576
Facs: 840 8059

R-phost: clare.daly@
fingalcoco.ie



**Gerry McGuire**
(Lucht Oibre)

1 An Trá, Domhnach Bat,
Co. Átha Cliath.

Teil: 843 6014
Guthán Póca:
087 238 1980

R-phost: gerry.mcguire@
fingalcoco.ie



**Tom Kelleher**
(Lucht Oibre)

Cill Shalcháin,
Co. Átha Cliath.

Guthán Póca:
087 283 7165

R-phost: tom.kelleher@
fingalcoco.ie



**Darragh Butler**
(Fianna Fail)

17 Clós an Ghoirt Aird,
Sord, Co. Átha Cliath.

Guthán Póca:
087 959 5378

R-phost: darragh.butler@
fingalcoco.ie



**Anne Devitt**
(Fine Gael)

Lios Pubaill,
Sord, Co. Átha Cliath.

Teil: 840 9728
Guthán Póca:
086 812 3435

R-phost: anne.devitt@
fingalcoco.ie

## TOGHLIMISTÉAR BHINN ÉADAIR / MHULACH ÍDE



**Peter Coyle**
(Lucht Oibre)

8 Cúirt an Choincéir,
Port Mearnóg,
Co. Átha Cliath.

Teil: 846 0327
Guthán Póca:
087 283 7160

R-phost: peter.coyle@
fingalcoco.ie



**Cian O'Callaghan**
(Lucht Oibre)

5 Cúirt Mhic Ailín, An
tSráid Mhór, Binn Éadair,
Baile Átha Cliath 13.

Guthán Póca:
086 286 6631

R-phost:
cian.ocallaghan@
votelabour.ie



**Eoghan O'Brien**
(Fianna Fail)

7 Radharc Seabury,
Mullach Íde,
Co. Átha Cliath.

Guthán Póca:
086 858 0562

R-phost: eoghan.obrien@
fingalcoco.ie



**Alan Farrell**
(Fine Gael)

42 Eastát na Bioscáine,
Mullach Íde,
Co. Átha Cliath.

Teil: 845 6500
Guthán Póca:
086 820 3320

R-phost: alan.farrell@
fingalcoco.ie



**Joan Maher**
(Fine Gael)

19 Cearnóg Chois Bá
Thoir, Cill Fhionntain,
Baile Átha Cliath 13.

Teil: 832 4840
Facs: 832 4840
Guthán Póca:
087 283 7169

R-phost: joan.maher@
fingalcoco.ie

# Comhairle Contae Fhine Gall-Comhaltaí Tofa

## MULHUDDART TOGHLIMISTÉAR



**Ruth Coppinger**
Páirtí Sóisialach

159 Fraoch Chaisleán an Churraigh,
Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15.

Teil; 811 6174
Guthán Póca:
087 673 0187

R-phost: ruth.coppinger@fingalcoco.ie



**Kieran Dennison**
Fine Gael

1 Gráinseach Fernleigh,
Caisleán Cnucha,
Baile Átha Cliath 15.

Guthán Póca:
087 259 5949

R-phost:
kierandennison@gmail.com



**Patrick Nulty**
Lucht Oibre

5 Cúirt an Droma Ghlais,
An Chorr Dhubh, Baile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15.

Guthán Póca:
087 968 8259

R-phost: patricknulty@gmail.com



**David McGuinness**
Fianna Fáil

40 Páirc Chnoc na gCaorach,
An Chorr Dhubh,
Baile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15.

Guthán Póca:
087 641 5403

R-phost: dmcguinn@tcd.ie



**Michael O'Donovan**
Lucht Oibre

70 Céide Delwood,
Baile Átha Cliath 15.

Teil: 822 0030
Guthán Póca:
087 220 7798

R-phost:
michael.odonovan@fingalcoco.ie

## TOGHLIMISTÉAR CAISLEÁN CNUCHA



**Eithne Loftus**
Fine Gael

6 Ascaill Pháirc na bhFianna,
Caisleán Cnucha,
Baile Átha Cliath 15.

Guthán Póca:
087 622 3419

R-phost: eithne.loftus@fingalcoco.ie



**Peggy Hamill**
Lucht Oibre

Back Lodge,
Fearann an Choirce,
Caisleán Cnucha,
Baile Átha Cliath 15.

Teil: 821 6100
Guthán Póca:
087 993 0009

R-phost:
cllrpeggy.hamill@fingalcoco.ie



**Mags Murray**
Fianna Fail

13 Clós Lahunda,
Radharc na Páirce,
Cluain Saileach,
Baile Átha Cliath 15.

Guthán Póca:
086 065 1419

R-phost: mags.murray@fingalcoco.ie



**Matthew Waine**
Páirtí Sóisialach

58 Garrán Radharc na Coille,
Baile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15.

Guthán Póca:
087 668 4616

R-phost: mattwaine@gmail.com

# Buanchoistí

## COISTÍ NA LIMISTÉAR

### Baile Brigín/Sord

Comhaltaí Toghlimistéir Bhaile Brigín agus Shoird agus Cathaoirleach Chomhairle Cathrach Bhaile Brigín.

### Caisleán Cnucha/Mullach Eadrad

Comhaltaí Toghlimistéir Chaisleán Cnucha agus Mhullach Eadrad.

### Binn Éadair/Mullach Íde

Comhaltaí Toghlimistéir Bhinn Éadair agus Mullach Íde.

## COISTE EAGRÚCHÁIN AGUS GNÁS

(Tá gach Comhalta de Chomhairle Contae Fhine Gall ina gComhaltaí den Choiste seo)

## GRÚPA BEARTAS CORPARÁIDEACH

Ciaran Byrne (Méara)
Eanáir 2010 - Meitheamh 2010

Ken Farrell (Méara)
Meitheamh 2010 - Nollaig 2010

May McKeon (Cathaoirleach)
C.C.S. Iompair

Tom Kelleher (Cathaoirleach)
C.C.S. Pleanála agus Forbartha

Kieran Dennison (Cathaoirleach)
C.C.S. Comhshaoil

David O'Connor (Cathaoirleach)
C.C.S. Pobail agus Ginearálta

Clare Daly (Cathaoirleach)
C.C.S. Tithíochta.

## COMHALTAÍ FHÓRAM POBAIL BHAILE BLAINSÉIR

### Na Comhairleoirí

Patrick Nulty
Eithne Loftus

## COMHALTAÍ CHOISTE BEARTAS STRAITÉISEACH POBAIL AGUS GINEARÁLTA

### Na Comhairleoirí

David O'Connor (Cathaoirleach)
Darragh Butler
Peter Coyle
Anne Devitt
Peggy Hamill
Patrick Nulty
Cian O'Callaghan
Matthew Waine

### Comhaltaí nach Comhairleoirí iad

Aidan McGrath
Dave Francis
Gráinne Maguire
Padraig McMahon
Brendan Sherlock
Paul Holden
Kevin Quinn

## COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CHOMHAIRLEACH CHEANTAR AN ABHANTRAIGH THOIR

### Na Comhairleoirí

Ken Farrell
David O'Connor

# Buanchoistí

## COMHALTAÍ AN CHOISTE BEARTAS STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

### Na Comhairleoirí

Kieran Dennison (Cathaoirleach)
Peter Coyle
Clare Daly
Alan Farrell
Peggy Hamill
Eithne Loftus
Gerry McGuire
May McKeon
David O'Connor
Eoghan O'Brien

### Comhaltaí nach Comhairleoirí iad

John Barrett
Olive Byrne
Valerie Henderson
David Rogers
Maire O'Brien
Siobhan O'Sullivan
Stephen Malone

## COMHALTAÍ BHORD CEANNAIRÍ PÁIRTÍOCHTA FHINE GALL

### Na Comhairleoirí

May McKeon
Joan Maher
Vacancy

## COMHALTAÍ GHRÚPA COMHTHÁITE IOMPAR FHINE GALL

### An Comhairleoir

May McKeon

## COMHALTAÍ ÚDARÁIS RIALÁLA DCU

### An Comhairleoir

Ciaran Byrne

## COMHALTAÍ AN CHOISTE BEARTAS STRAITÉISEACH TITHÍOCHTA

### Na Comhairleoirí

Clare Daly (Cathaoirleach)
Ruth Coppinger
Kieran Dennison
Ken Farrell
Joan Maher
Gerry McGuire
David McGuinness
Patrick Nulty
Cian O'Callaghan
Michael O'Donovan

### Comhaltaí nach Comhairleoirí iad

Andrew McCann
Sylvester Greally
Kathleen McKillion
Roderick O'Gorman
John Cumisky
Howard Mahony
Kevin Quinn

## COMHALTAÍ AN CHOISTE BEARTAS PLEANÁLA & FORBARTHA STRAITÉISÍ

### Na Comhairleoirí

Tom Kelleher (Cathaoirleach)
Ciarán Byrne
Anne Devitt
Alan Farrell
Joan Maher
David McGuinness
Mags Murray
Michael O'Donovan
Tom O'Leary
Matthew Waine

### Non An Comhairleoir Members

Rory Bannon
Terry Kelleher
Kieran O'Neill
Terry Cummins
Ciaran Corcoran
Brian McKeon

# Buanchoistí

## COMHALTAÍ FHÓRAM PÓILÍNITHE POBAIL SHOIRD

**Na Comhairleoirí**

Darragh Butler
Ann Devitt
Gerry McGuire

## COMHALTAÍ AN CHOISTE BEARTAS STRAITÉISEACH IOMPAIR

**Na Comhairleoirí**

May McKeon (Cathaoirleach)
Darragh Butler
Ciarán Byrne
Ruth Coppinger
Ken Farrell
Tom Kelleher
Eithne Loftus
Mags Murray
Eoghan O'Brien
Tom O'Leary

**Comhaltaí nach Comhairleoirí iad**

Rory Bannon
Brendan Doorley
Raymond Ryan
David Donnelly
Jean Fay Brady
Cathal Boland
Bernadette O'Connell
Humphrey Reen

## IONADAITHE I GCOMHLACHTAÍ REACHTÚLA

Comhlachtaí Reachtúla, Coistí agus Eagraíochtaí, ar a n-ainmníonn nó ar a gceapann Comhairle Contae Fhine Gallelects daoine.

## COISTE INIÚCHÓIREACHTA

**Na Comhairleoirí**

Peter Coyle
Alan Farrell
Joan Maher

**Comhaltaí nach Comhairleoirí iad**

Dr. Philip Byrne
Sean Carey
Joe Harford
Louise O'Donnell

## COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH

**Na Comhairleoirí**

Ciaran Byrne
Ken Farrell
David McGuinness
Joan Maher
Gerry McGuire
Michael O'Donovan

**Comhaltaí nach Comhairleoirí iad**

Deirdre Doherty Ryan
Don Tipping
Pat Ward
Liz Kelly

## CUMANN NA gCOMHAIRLÍ CATHRACH AGUS CONTAE

**Na Comhairleoirí**

Alan Farrell
Tom Kelleher
Michael O'Donovan

## ÚDARÁS RÉIGIÚNACH BHAILE ÁTHA CLIATH

**Na Comhairleoirí**

Peggy Hamill
May McKeon
Anne Devitt
Ciarán Byrne
Peter Coyle

# Buanchoistí

## COISTE OIBRÍOCHTA AN AE D'ÚDARÁS RÉIGIÚNACH BHAILE ÁTHA CLIATH

**Na Comhairleoirí**

Ciarán Byrne Byrne (Méara)
Eanáir 2010 - Meitheamh 2010

Ken Farrell (Méara)
Meitheamh 2010 - Nollaig 2010

Anne Devitt

## TIONÓL RÉIGIÚNACH AN DEISCIRT AGUS AN OIRTHIR

**Na Comhairleoirí**

Ciarán Byrne
Anne Devitt

## BORD FIONTAR CONTAE FHINE GALL

**Na Comhairleoirí**

Peter Coyle
Kieran Dennison
Gerry McGuire
May McKeon

## COMHAR-ÁRACHAIS COMHAIRLÍ ÉIREANN TEORANTA

**An Comhairleoir**

Mags Murray

## CUMANN COMHALTAÍ NA NÚDARÁS ÁITIÚIL

**An Comhairleoir**

Mags Murray

## TURASÓIREACHT BHAILE ÁTHA CLIATH

**An Comhairleoir**

Peter Coyle

## TURASÓIREACHT FHINE GALL TEORANTA

**Na Comhairleoirí**

Ciarán Byrne Byrne (Méara)
Eanáir 2010 - Meitheamh 2010

Ken Farrell (Méara)
Meitheamh 2010 - Nollaig 2010

Peter Coyle

## COMHEAGRAÍOCHT FORBARTHA THUAISCEART BHAILE ÁTHA CLIATH (NORDUBCO)

**Na Comhairleoirí**

Ciarán Byrne Byrne (Méara)
Eanáir 2010 - Meitheamh 2010

Ken Farrell (Méara)
Meitheamh 2010 - Nollaig 2010

Anne Devitt

## BORD CEANNAIRÍ PÁIRTÍOCHTA FHINE GALL

**Na Comhairleoirí**

May McKeon
Ciarán Byrne
Darragh Butler
Joan Maher

## COMHAONTÚ FOSTAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH – GRÚPA BEARTAS STRAITÉISEACH

**An Comhairleoir**

Michael O'Donovan

## COMHPHÁIRTÍOCHT CHEANTAR BHAILE BHLAINSÉIR

**Na Comhairleoirí**

Kieran Dennison
Peggy Hamill
Matthew Waine

# Buanchoistí

## COISTE COMHAIRLIÚCHÁIN UM CHÓIRÍOCHT ÁITIÚIL DO THAISTEALAITHE

**Na Comhairleoirí**

Anne Devitt
Clare Daly
Cian O'Callaghan

## TASCFHÓRSA DRUGAÍ BHAILE BHLAINSÉIR

**Na Comhairleoirí**

Patrick Nulty
David McGuinness

## COMHPHÁIRTÍOCHT THUAISCEART BHAILE ÁTHA CLIATH

**An Comhairleoir**

Cian O'Callaghan

## COMHCHOISTE COMHAIRLEACH BAINISTÍOCHTA GHLEANN NA LIFE - FINE GALL AGUS DEISCEART BHAILE ÁTHA CLIATH

Ciarán Byrne Byrne (Méara)
Eanáir 2010 - Meitheamh 2010

Ken Farrell (Méara)
Meitheamh 2010 - Nollaig 2010

## TOGHLIMISTÉAR CHAISLEÁN CNUCHA:

**Na Comhairleoirí**

Peggy Hamill
Mags Murray
Matthew Waine
Eithne Loftus

## TOGHLIMISTÉAR MHULLACH EADRAD:

**Na Comhairleoirí**

Ruth Coppinger
Michael O'Donovan
Kieran Dennison
Patrick Nulty
David McGuinness

## AN FÓRAM NÁISIÚNTA FORBARTHA TUAITHE

**An Comhairleoir**

Ciarán Byrne

## COISTE IDIRGHABHÁLA LÍONADH TALÚN BHAILE AMHLAOIBH

**An Comhairleoir**

Ken Farrell
May McKeon
Anne Devitt
Gerry McGuire

## AN FÓRAM OIDHREACHTA CONTAE

**An Comhairleoir**

David O'Connor
Peter Coyle
Kieran Dennison
May McKeon
Cian O'Callaghan

## FÓRAM CHEANTAR IMEALL AN TUAISCIRT

**Na Comhairleoirí**

Cian O'Callaghan
Joan Maher
Peter Coyle
Eoghan O'Brien
Alan Farrell

# Buanchoistí

## FÓRAM SLÁINTE RÉIGIÚNACH BHAILE ÁTHA CLIATH AGUS AN OIRTHUAISCIRT

**Na Comhairleoirí**

May McKeon
Mags Murray
Eithne Loftus
David O'Connor
Tom O'Leary
Kieran Dennison

## GRÚPA STIÚRTHA HANSFIELD SDZ

**Na Comhairleoirí**

Ruth Coppinger
Michael O'Donovan
Patrick Nulty
David McGuinness
Kieran Dennison

## GRÚPA IOMPAIR CHOMHTHÁITE FHINE GALL

**An Comhairleoir**

May McKeon

## FINE GALL SLÁINTIÚIL

**Na Comhairleoirí**

Gerry McGuire
Michael O'Donovan
Peter Coyle
Eithne Loftus
Tom O'Leary

## COMHCHOISTE PÓILÍNITHE

**Na Comhairleoirí**

Ciarán Byrne Byrne (Méara)
Eanáir 2010 - Meitheamh 2010

Ken Farrell (Méara)
Meitheamh 2010 - Nollaig 2010

Mags Murray
Peggy Hamill
David O'Connor
Alan Farrell
Cian O'Callaghan
Eoghan O'Brien
Eithne Loftus
Tom O'Leary
Kieran Dennison
Matthew Waine
Clare Daly
Michael O'Donovan
Darragh Butler
Ann Devitt

# Buanchoistí

## COISTE PÁIRTÍOCHTA SPÓIRT FHINE GALL

**Na Comhairleoirí**

Anne Devitt
Eoghan O'Brien
David O'Connor

## IONAD FIONTRAÍOCHTA DRAIGHNEÁIN

**Na Comhairleoirí**

Alan Farrell
Gerry McGuire

## LÍONRA NA GCATHRACHA IMEALLACHA

**An Comhairleoir**

Alan Farrell

## FÓRAM PÓILÍNITHE BHAILE BRIGÍN

**Na Comhairleoirí**

Ciarán Byrne
May McKeon

## DRAÍOCHT

**An Comhairleoir**

Peggy Hamill

## TASCFHÓRSA DRUGAÍ OIRTHUAISCEART BHAILE ÁTHA CLIATH

**An Comhairleoir**

Cian O'Callaghan

# Comhairle Bhaile Brigín

Tá stair fhada ag Comhairle Bhaile Brigín (Coimisinéirí Baile mar a bhí roimh 2002) de sheirbhís mar Údarás Áitiúil, a thosaigh in 1860.

Tá naoi gcomhalta thofa ar an gComhairle a toghadh do théarma cúig bliana i ndiaidh na dtoghchán áitiúil a cuireadh ar bun ar an 5 Meitheamh 2009:

Frank Snowe Cathaoirleach 2010 -2011, Gráinne Kilmurray Leas- Chathaoirleach 2010 – 2011, Sean Brown, Dermot Murray, Larry Dunne, Grainne Kilmurry, Terry Kelleher, Monica Harford agus Peadar O'Kelly.

Cuireann an Chomhairle ceannaireacht phobail ar fáil do mhuintir Bhaile Brigín. Seasann sé dá n-ábhair cúraim agus dá riachtanais i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall, Ranna Rialtais agus Comhlachtaí reachtúla eile agus cuireann sé an baile chun cinn mar áit mhaith le bheith ag maireachtáil, ag obair agus le cuairt a thabhairt uirthi.

Leathnaíodh teorainn an bhaile i mí Feabhra 2009 chun fás an bhaile a léiriú agus chun an deis a sholáthar do chónaitheoirí nua Bhaile Brigín vótáil i dtoghcháin na Comhairle Baile. Daonra na limistéar riaracháin nua ná thart ar 18,000.

Rinne an Chomhairle Baile comóradh 150 bliain le cruinniú speisialta i dTeach Cúirte Bhaile Brigín ar an 4 Meitheamh 2010 chun ceiliúradh a dhéanamh ar 150 bliain ó chruinnigh Coimisinéirí Bhaile Brigín den chéad uair.

Cuirtear Dámhachtainí Chomhairle Bhaile Brigín ar bun gach Deireadh Fómhair a thugann an deis don Chomhairle Baile aitheantas a thabhairt do dhaoine, daoine aonair agus grúpaí, a léiríonn agus a chuireann bród agus saol pobail chun cinn sa bhaile. Tá roghnú buaiteoirí na ndámhachtainí bunaithe ar mhórghníomhartha pearsanta nó buíon i réimsí amhail Spóirt, Ealaín, Litríocht, Cultúr nó Seirbhís Phobail.

Eagraíonn an Chomhairle Baile Paráid Lá Fhéile Pádraig sa bhaile agus tá ról gníomhach aige i maisiú an bhaile um Nollaig i gcomhar le Cumann Lucht Tráchtála Bhaile Brigín & An Cumann Lucht Tráchtála Dúiche.

Cuirtear formhór ioncam na Comhairle ar fáil trí mhuirir bhaile ina n-áirítear an Ráta Billí Bliantúil a íocann pobal gnó an bhaile.

Déileálann an Bainisteoir Baile agus an Cléireach Baile le gnóthaí riaracháin Chomhair Bhaile Brigín in éineacht le foireann riaracháin atá ar iasacht ó Chomhairle Contae Fhine Gall. Is é Mr Peter Caulfield an Bainisteoir Baile. Is é Mr. Brian Murray an Cléireach Baile.



# Roinn na Seirbhísí do Shaoránigh

## IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE

| Iarratais faighte/próiseáilte i | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| Iarratais faighte i rith 2010 | 65 | 72 | 72 |
| Cinntí socraithe i rith 2010 | 67 | 76 | 74 |
| Iarratais ar láimh ag 31/12/2010 | 0 | 2 | 4 |

| An Cineál Faisnéise a Lorgaíodh | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| Pearsanta (don iarratasóir) | 9 | 15 | 17 |
| Neamhphearsanta | 56 | 57 | 55 |
| Ilchineálach | 0 | 0 | 0 |
| Bronnta | 40 | 48 | 40 |
| Páirtbhronnta | 23 | 22 | 24 |
| Diúltaithe | 3 | 2 | 5 |
| Aistrithe | 0 | 0 | 0 |
| Aistarraingthe/Lasmuigh ASF | 1 | 2 | 5 |

| Achomhairc | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| Achomhairc leis an gCoimisinéir Faisnéise | 2 | 3 | 1 |

| Foinse na nIarratas | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| Iriseoirí | 10 | 11 | 2 |
| Gnó | 11 | 6 | 11 |
| Comhaltaí Oireachtais/Údarás Áitiúil | 0 | 0 | 0 |
| Eile/An Pobal i gCoitinne | 44 | 54 | 55 |
| Foireann | 0 | 1 | 4 |

# Roinn na Seirbhísí do Shaoránigh

| Gearráin Ombudsman | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| Gearáin faighte i rith 2010 | 14 | 13 | 14 |
| Gearráin ar tugadh freagra orthu | 14 | 13 | 14 |

| Ábhar na nGearán | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| Pleanáil | 2 | 2 | 2 |
| Iompar | 0 | 0 | 4 |
| Tithíocht | 4 | 6 | 5 |
| Airgeadas | 2 | 0 | 0 |
| Uisce & Draenáil | 1 | 0 | 0 |
| Pobal, Áineas & Áiseanna | 2 | 2 | 0 |
| Comhshaol | 3 | 2 | 1 |
| Forbairt Réadmhaoine & Eacnamaíoch | 0 | 1 | 2 |
| Gnóthaí Corparáideacha | 0 | 0 | 0 |

| Gearáin Chairt na Saoránach | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| Gearráin faighte | 3 | 11 | 5 |
| Gearráin ar cuireadh freagra orthu | 3 | 11 | 5 |

| Ábhar na nGearán | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| Pleanáil | 0 | 1 | 3 |
| Iompar | 0 | 0 | 1 |
| Tithíocht | 0 | 1 | 0 |
| Airgeadas | 0 | 0 | 0 |
| Uisce & Draenáil | 0 | 0 | 0 |
| Pobal, Áineas & Áiseanna | 0 | 3 | 0 |
| Comhshaol | 3 | 6 | 1 |
| Forbairt Réadmhaoine & Eacnamaíoch | 0 | 0 | 0 |
| Gnóthaí Corparáideacha | 0 | 0 | 0 |

# Roinn na Seirbhísí do Shaoránigh

Faigheann agus diúscraíonn Roinn Seirbhísí Réadmhaoine na Comhairle réadmhaoin thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall agus déanann sé bainistiú ar réadmhaoin agus talamh ar leis an Chomhairle iad.

## FÁIL RÉADMHAOINE

Faightear talamh, ionaid réamhaoine agus ceadanna slí ar chúiseanna éagsúla na Comhairle ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- Comhaontas. m.sh. An Roinn Fála Réadmhaoine ar leanadh leis i 2010 chun cur le fáil agus diúscairt suíomhanna scoile de réir an Mheabhráin Chomhaontaithe idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Comhairle Contae Fhine Gall.
- Ordú Ceannaigh Éigeantaigh. e.g. Ordú Ceannaigh Éigeantaigh Comhairle Contae Fhine Gall (Bóthar Dáileacháin, Domhnach Bat) 2010 ar cuireadh isteach chuig an mBord Pleanála.
- Ordú Mótarbhealaí. - Fáltais maidir le Scéim Uasghrádaithe an M50 ar leanadh leis i 2010.
- Gníomhas Tarscaoilte. - Talamh faighte ón Aire Airgeadais nuair a dhíscaoiltear gnólachtaí.
- Gníomhas Tiomnaithe. - Spás Oscailte faighte ó fhorbróirí.

## BAINISTIÚ RÉADMHAOINE

Clár Sealbhóirí Réadmhaoine na Comhairle. Obair ar chéim 1 den Chlár Spéise Réadmhaoine tosaithe in 2010.

Slándáil agus cothabháil thalamh/mhaoin na Comhairle.

Ligean thalamh na Comhairle do churaíocht nó féarach trí chomhaontuithe conacra - thart ar 850 acra ligthe i 2010.

Comhaontuithe Airígh agus Ligean mar Áis Shealadach ar réadmhaoin agus talamh nach bhfuil riachtanach don Chomhairle sa ghearrthéarma.

Bailiú cíosa ó shiopaí cónaithe na Comhairle - 6 ar an iomlán.

Diúscairt talún nó réadmhaoine nach bhfuil riachtanach a thuilleadh don Chomhairle.

Léas Talún d'Eagraíochtaí Spóirt agus cuideachtaí Fóntais.

# Roinn na Seirbhísí do Shaoránigh

## COMHPHÁIRTÍOCHT SAN IONAD OIBRE

Bhí Coiste Comhpháirtíochta Ionad Oibre Fhine Gall bainteach leis na tionscadail agus tionscnaimh seo a leanas i rith 2010.

- Forbairt Treoirlínte Foirne d'Fhine Gall chun tacú le faoiseamh a sholáthar don Bhuairt san Ionad Oibre.
- Plean Leanúnachais Gnó curtha i bhfeidhm chun tacú leis an bhFoireann déileáil leis an bPaindéim Fliú.
- Ócáidí eagraithe agus bainistithe chun smaointe a spreagadh i measc na foirne chun cabhrú le hardú meanma san eagraíocht.
- Scéim mholtaí eile eagraithe "Déanaimis Níos Fearr É". Ba é seo an 3ú scéim nua sa bhliain.
- Leanúint le heagrú agus bainistiú an Chláir Fill ar an Oideachas.
- Eagrú agus Bainistiú ar Chlár Leantach Foghlama FETAC leibhéal 4 d'Fhoireann Allamuigh.
- Tionscadal Campa Samhraidh eagraithe agus éascaithe do leanaí Fhoireann na Comhairle. Ba é seo an tríú bliain don tionscadal seo.
- An tSeachtain Sláinte & Sábháilteachta eagraithe a chuimsigh 2 Shiúlóid Urraithe ar mhaithe le cuidiú le hOispís Nua Bhaile Bhlainséir, Seastáin d'Fholláine Chorparáideach agus comórtas agus cóisir na leanaí. D'éascaigh Comhpháirtíocht an Ionaid Oibre reáchtáil clubanna Weight Watchers chomh maith.
- Eagraíodh agus rinneadh ceiliúradh ar Sheirbhís agus Dílseacht na foirne atá tar éis 25 bliain seirbhíse a chur i gcrích do Chomhairle Contae Fhine Gall.
- Tacaíocht tugtha do tháirgeacht leanúnach na nuachtlitreach foirne "Inside Out".

D'éascaigh agus thug an Coiste tacaíocht do Ghrúpaí Oibre agus Foghrúpaí sna réimsí seo a leanas Gníomhaíochtaí i rith 2010:

- Treoirlínte Méala.
- Sláinte agus Sábháilteacht.
- Meanma Foirne
- Comhionannas.
- Pleanáil Leanúnachais Gnó

De bhreis ar aghaidh a thabhairt ar na hábhair roimhe seo, lean Coiste Comhpháirtíochta Ionad Oibre Fhine Gall air ag obair ar chur i bhfeidhm a gcuid cuspóirí agus aidhmeanna atá leagtha amach ina phlean gníomhaíochta de réir an Phlean Náisiúnta Chomhpháirtíochta.

# Roinn na Seirbhísí do Shaoránigh

## AONAD INIÚCHÓIREACHTA IMHEÁNAÍ

I rith 2010, dhearbhaigh an tAonad don Bhainisteoir Contae go raibh córas Rialaithe Inmheánach Airgeadais ann, go raibh sé iomchuí agus go raibh sé éifeachtach. Chabhraigh an tAonad Iniúchóireachta chomh maith le Ranna trí iniúchóireachtaí a dhéanamh, trí mheasúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar ghnéithe na gcóras inmheánach rialaithe airgeadais agus trí mholtaí feabhais a thabhairt nuair ba ghá. Bhí "Measúnú Riosca" cuimsithe i ngach ceann de na Tuarascálacha seo, nuair ba chuí.

Mar pháirt dá chroí-ghníomhaíocht reáchtáil an tAonad tástálacha Comhlíonta ar líon áirithe Ranna. Cuimsíodh anseo chomh maith bhí tuarascálacha ar Eacnamaíocht, Éifeachtacht agus Éifeachtúlacht laistigh den eagraíocht. De bhreis air sin, chuaigh an tAonad i mbun;-

- Roinnt Imscrúduithe a chur i gcrích.
- Coincheap Bainistíocht Riosca a chur chun cinn.
- Leanúint le próiseas Iniúchóireachta ar "Chomhpháirtíocht Chonarthaí".
- Teagmháil leis an Iniúchóir Rialtais Áitiúil.
- Teagmháil le Coiste Iniúcóireachta na Comhairle.
- Faomhadh a chur isteach agus a fháil ar an bPlean Iniúchóireachta Bliantúil 2010.

## AN ROINN DLÍ

Cuireann an Roinn Dlí seirbhís chuimsitheach inmheánach dlí ar fáil don Bhainisteoir Contae agus gach ceann de Ranna na Comhairle maidir leis an raon leathan agus éagsúil feidhmeanna reachtúla. I measc na seirbhísí seo tá:-

- Comhchomhairlí le ranna cliant maidir le feidhmeanna reachtúla
- Comhairle a chur ar ranna maidir le haon mhórcheist a thagann as cásdlí agus an creat rialála a rialaíonn údaráis áitiúla
- Oiliúint a sholáthar do Ranna na Comhairle
- Ionadaíocht a dhéanamh don Chomhairle ag eadráin agus éisteachtaí béil amhail Meitreo Thuaidh
- Déileáil le fáltais agus diúscairt réamhaoine na Comhairle amhail
    - comhaontais/ceadúnais chlubanna agus ionad pobail
    - léasanna tráchtála suíomhanna tionsclaíocha na Comhairle
    - gealltanais de spás oscailte
    - ceannach gnáthscaireanna
    - céadchláruithe
    - iasachtaí agus morgáistí
    - comh-úinéireachtaí
    - ceannacháin tionóntaí faoi na scéimeanna díolacháin
    - scéimeanna tithíochta deonacha

# Roinn na Seirbhísí do Shaoránigh

- Ag tosú agus ag cosaint cásanna sa Chúirt Dúiche, Chuarda, Ardchúirt, an Chúirt Tráchtála agus an Chúirt Uachtarach san áireamh, ina gcuimsítear
  - sáruithe conarthaí,
  - díospóidí maidir le talamh,
  - bailiúchán fiachas ina gcuimsítear bailiú rátaí, breithiúnais agus morgáistí, urghairí breithiúnais.
  - éilimh dliteanais fostóirí
  - Athshealbhuithe tithíochta toisc neamhíocaíocht cíosa/morgáistí agus iompraíocht fhrithshóisialta
  - urghairí faoi alt 160 den Acht Pleanála agus Forbartha
  - imeachtaí athbhreithnithe breithiúnacha
  - Imeachtaí sa Chúirt Dúiche ar bhonn seachtainiúil maidir le hábhair amhails cionta bruscair, cionta pleanála, smacht ar mhadraí, truailliú aeir, fodhlíthe meisce, gnóthaí tithíochta agus toghairmeacha rátaí
  - dlíthíocht ar dhíobhálacha pearsanta
  - foghlacha agus núiseanna.

Léiríodh sna cúinsí eacnamaíochta reatha gur laghdaigh líon na n-idirbheart tíolactha agus gur mhéadaigh dlíthíocht agus go ndéantar monatóireacht ar ualaigh oibre chun soláthar seirbhísí éifeachtacha dlí a chinntiú. Leanadh le hathbhreithniú agus cur i bhfeidhm córais bhainistíochta cás na roinne in 2010, a cruthaíodh mar uirlis éifeachtach i bpróiseáil cásanna bailithe rátaí agus gníomhaíocht fhorfheidhmithe. Sa bhliain 2010, rinneadh athbhreithniú ar PMDS agus cuireadh i gcrích é agus cuireadh oiliúint leanúnach ar fáil don fhoireann a d'fhreastail ar raon leathan cúrsaí i réimsí cosúil le forbairt phroifisiúnta, faisnéis dlí, T.F., cúram custaiméirí agus agresso.



## OIFIG NA dTIONSCADAL

Tá Oifig na dTionscadal freagrach as soláthar tionscadal suntasach uisce agus fuíolluisce chun freastal ar riachtanais fhadtéarmacha an Chontae agus an Réigiúin.

- **Leathnú ar Ionad Cóireála Uisce Léim an Bhradáin**
  Tairiscintí faighte i mí Lúnasa 2010. Measúnú ar thairiscintí ar siúl.
- **Túr Uisce Léim an Bhradáin Baile Cúlann**
  Oibreacha bunúsacha tosaithe ar an Túr Uisce i mí Lúnasa 2010 le cur i gcrích i mí Feabhra 2011.
- **Conradh Líonra Bhaile Brigín Na Sceirí**
  Iarratas ar fhaomhadh chun dul ar aghaidh le tairiscint don Stáisiún Pumpála ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath (an chéad cheann as 9 gConradh Líonra) curtha faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Táimid ag feitheamh ar fhreagra uathu.
- **Scéim Chóireála Fuíolluisce Phort Reanna, Domhnach Bat & Lusca**
  Conradh DBO - Ba chóir go mbeadh an tIonad Cóireála i bhfeidhm i C4 2011.
- **Scéim Chóireála Fuíolluisce Phort Reanna, Domhnach Bat & Lusca**
  Conarthaí Líonra - rinneadh an chéad chonradh as 12 a chur isteach mar thairiscint ag deireadh 2010. Déanfaidh an conradh seo uasghrádú ar an séarach ag Bóthar Chanel & Bóthar Seantraibh sa Ros agus ba chóir go gcuirfí i gcrích é roimh dheireadh 2011.
- **Scéim Draenála Réigiúnach Bhaile Bhlainséir**
  Tá obair ar 3 chonradh sa Scéim seo le bheith curtha i gcrích in 2011.
- **Leathnú ICFU Shord**
  Tosóidh obair ar an suíomh seo i C3 de 2011 agus cuirfear i gcrích é um R3 2013.

# Seribhísí Uisce

## AN OIFIG DEARAIDH

Tá an Oifig Dearaidh freagrach as dearadh agus soláthar an bhonneagair seirbhísí uisce, ina gcuimsítear scéimeanna soláthar uisce, fuíolluisce agus draenála uisce dromchla agus faoiseamh tuile, chun freastal ar riachtanais leanúnacha an Chontae. Tá an Roinn Bainistíochta Forbartha agus Truailliú Uisce mar pháirt den Oifig Dearaidh.

### Tionscadail Reatha

- **Scéim Treisithe Shord Thuaidh – Lisín an Airgid agus Baile Shiurdáin**
  Dearbhú ar chríochnú suntasach eisithe i mí Meithimh 2010. I measc na n-oibreacha atá fágtha tá oibreacha meicniúla agus leictreacha, cuirfear oibreacha fabhtacha agus oibreacha amuigh i gcrích roimh Mheitheamh 2011.

- **Scéim Leathnaithe agus Bhreisithe Taischumar Mhullach Íde**
  Dearadh mionsonraithe curtha i gcrích agus an próiseas tairisceana tosaithe i 2010. Tá an taischumar le bheith curtha i gcrích i 2011.

- **Scéim Soláthair Uisce an Bharda**
  **Príomhphíobán Uisce Chill Sheáin go Glebe** – Tá an scéim seo, atá mar pháirt de Scéim WSS an Bharda, á soláthar faoi chonarthaí éagsúla le Seirbhís Príosún na hÉireann. Thosaigh ceann de na conarthaí i mí na Nollag 2010 - na conarthaí eile le tosú i 2011.

  **Príomhphíobán Uisce Baile an Choitreailaigh chuig an Seanbhaile** – Coimisiúnaíodh an Scéim seo, atá mar pháirt de Scéim WSS an Bhara, i mí Mheán Fómhair 2010.

- **Scéim Athshlánaithe Phríomhphíobán Uisce Shoird**
  Chuir Sainchomhairleoirí Réamhtuarascáil agus tuarascáil ar Mheasúnú Éilimh i gcrích i mí Iúil 2010.

- **Scéim Soláthair Uisce Bhaile Brigín**
  Réamhthuarascáil curtha i gcrích i mí na Samhna 2010. Dearadh beagnach i gcrích ar Chéim 1 (ardleibhéal) agus doiciméid tairisceana le heisiúint i ndiaidh réamhcháiliúcháin i mí Márta 2011. Dearadh inmheánach ar Chéim 2 den líne truncphíobán ag dul ar aghaidh agus tá doiciméid tairisceana le heisiúint i mí Bealtaine 2011.



## Seribhísí Uisce

- **Príomhthruncphíobán Bhaile Cúlann (Baile Cúlann/Baile an Rí)**
  Tuarascáil ar roghnú slí agus buiséad pleanála curtha isteach chuig an RCORÁ arna faomhadh.

- **Caomhnú Uisce**
  DMA DRWRP Chluain Meala/Baile Bhlainséir Tráinse 2 – Cistithe faoin DRWRP agus bainistithe laistigh den DCC. Tá sé ag an gcéim tairisceana agus ceaptar go dtosófar air i mí Bealtaine.

- **Tionscadal Chuan Bhaile Átha Cliath Conradh Uimh. 5**
  (Séarachas ó Bhinn Éadair a aistriú go Stáisiún Pumpála Cill Fhionntain) – Oibreacha ó Shráidbhaile Bhinn Éadair go Bóthar Bhinn Éadair curtha i gcrích i 2009. Coimisiúnaíodh an chuid ó Bhóthar Bhinn Éadair go Stáisiún Pumpála Chill Fhionntain i mí Dheireadh Fómhair 2010 agus ba chóir go gcuirfí na hoibreacha eile i gcrích roimh dheireadh mhí Marta 2011.

- **Scéim Séarachais Bhaile an Rólaigh**
  Cuireadh an dara céim den scéim seo i gcrích i 2010.

- **Stáisiúin Phumpála Sheantraibh**
  Cuireadh an dearadh mionsonraithe ar uasghrádú stáisiúin phumpála Sheantraibh i gcrích agus tá na Doiciméid Tairisceana réitithe nach mór. Ba chóir go dtosódh tógáil na n-oibreacha seo níos déanaí i mbliana agus go gcuirfear i gcrích iad go luath i 2012.

- **Stáisiún Pumpála Thobar Boir**
  Níl an dearadh mionsonraithe ná na doiciméid tairisceana do Stáisiún Pumpála Thobar Boir curtha i gcrích go fóill. Táthar ag súil nach ndéanfar na huasghrádaithe seo go dtí go ndéanfar ICFU Shoird a uasghrádú.

- **Scéim Séarachais Chlochráin**
  Dearadh mionsonraithe agus doiciméid tairisceana i gcrích agus tá sé beartaithe go dtosóidh an tógáil níos déanaí i 2011, agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é go luath i 2012.

- **Staidéar ar Mheasúnú agus Bainistíocht Riosca Tuilte Fine Gall Oirthear na Mí (FEMFRAMS)**
  Dréachtléarscálacha Tuilte ar fáil don limistéar staidéir. Tá an Tuarascáil Theicniúil deiridh, agus an Dréachtphlean Bainistíochta Riosca Tuilte faoi athbhreithniú i láthair na huaire agus cuirfear i gcrích iad roimh Dheireadh Fómhair 2011.



## AN ROINN BAINISTÍOCHTA FORBARTHA

Tugann an Roinn Bainistíochta Forbartha comhairle maidir le riachtanais uisce agus draenála do gach iarratas pleanála a chuirtear isteach, ina gcuimsítear iarratais do bhreis faisnéise. De bhreis air sin, faomhann an Roinn comhlíonadh coinníollacha pleanála, déanann sé taobh-mhiosúir a mheas agus a dheimhniú agus scrúdaíonn sé córais chóireála uisce do thithe aonair.

**Ceannlínte 2010**

- 950 Iarratas Pleanála Próiseáilte (ina n-áirítear iarratais do Bhreis Faisnéise)
- 140 Cruinniú Réamhphleanála reáchtáilte le hiarratasóirí ionchais.
- Seirbhísí Uisce ionchuir curtha ar fáil do Phleananna Ceantair Áitiúla in Abhainn na Mí, Tobar Boir, Baile Gháire, Páirc an Bharraigh, An Áil, Cherryhound
- Ar fáil chun freagra a thabhairt ar achomhairc ón mBord Pleanála, mar a éilíodh.
- Idirchaidreamh do Thionscadail Bonneagair Straitéiseacha áirithe amhail Meitreo Thuaidh, Meitreo Thiar, Idirnascaire Thoir-Thiar Eirgrid.
- Cur i bhfeidhm na dTreoirlínte maidir leis an “gCóras Pleanála agus Bainistíochta Riosca Tuilte” d’Údaráis Áitiúla i mí na Samhna 2009.
- Freastal leanúnach ar chruinnithe de chuid choiste idirchaidrimh DASF

## RIALÚ AR THRUAILLIÚ

Tá an Roinn Rialaithe Truaillithe freagrach as eisiúint ceadúnas de réir na nAchtanna um Thruailliú in Uisce. Tá sé freagrach chomh maith as monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht uisce aibhneacha, lochanna agus uiscí inbhir sa Chontae chomh maith le cinntiú go ndéantar gníomhaíocht leasúcháin nuair is cuí.

**Ceannlínte 2010**

- Leanadh le dul chun cinn maidir leis an gCreat-Treoir Uisce. Ghlac an tAire Comhshaoil le Plean Bainistíochta Abhantraí (PBA) Cheantar Abhantraí Thoir (CAT). Tosaíodh an chéim fheidhmithe.
- Tá an Córas Bainistíochta Cáilíochta (CBC) do Thruailliú in Uisce i bhfeidhm.
- Rinneadh suirbhéanna ar fheirmeacha i ndobharcheantair Abhainn an Bhata agus Sruthán an Mhuilinn
- Suirbhéanna ar Umair Sheipteacha/Córais Chóireála Uisce ar Suíomh reáchtáilte i ndobharcheantar Shruthán an Mhuilinn.
- Clár ceadúnas FOG tosaithe i Mullach Íde.
- Monatóireacht imscrúdaithe curtha ar bun i ndobharcheantar Abhainn an Mhata chun feabhas a chur ar Cháilíocht Uisce Snámha ar Thrá Bhaile Brigín.
- Próiseáladh gach iarratas do cheadú truailliú laistigh d’amscála 8 seachtaine ach amháin nuair a lorgaíodh tuilleadh eolais.
- Tá Plean Teagmhasach Ola faoi bhreithniú i ndiaidh tuairiscí ó na Gardaí Cósta.
- Rinneadh iniúchadh ar shuíomhanna breise do stáisiúin hidreamhéadracha agus cuireadh faoi bhráid na GCC iad d’fhonn faomhadh a fháil. Faomhadh gan a bheith faighte toisc athbhreithniú S&S ar siúl ar stáisiúin atá ann cheana féin.
- Plean RMCEI do 2010 curtha i bhfeidhm, plean do 2011 cruthaithe.

Tuarascálacha don Chlár um Laghdú ar Thruailliú curtha isteach faoi Rialacháin 2006 um Cháilíocht Uiscí Sliogéisc (I.R. Uimh, 268. de 2006)

- Monatóireacht imscrúdaithe tosaithe ar dhobharcheantar Abhainn Thuirbhe.

# Seribhísí Uisce

## AN ROINN OIBRÍOCHTAÍ

Tá an Roinn Oibríochtaí freagrach as bainistíocht agus cothabháil an líonra uisce agus fuíolluisce agus as na hionaid chóireála sa Chontae.

**Soláthar Uisce:**

Tá dhá ionad cóireála ag Comhairle Contae Fhine Gall ag Léim an Bhradáin agus ag Portach na Roinne a tháirgeann iomlán de 170 milliún tonna d'uisce cóireáilte gach lá. Bainistítear an líonra uisce trí chóras teilimhéadrachta réigiúnach a leaschraolann eolas maidir le leibhéil, sreabhadh agus brú taischumar ó uath-shuíomhanna agus, mar aon leis an gCóras Faisnéise Réigiúnach Geografach, tá ról suntasach aige i mbainistiú an líonra dáilte uisce. Déantar uisce a thástáil go rialta ag gach céim den phróiseas cóireála agus i rith an chórais dáilte chun comhlíonadh na gcaighdeán uisce óil Eorpacha agus Náisiúnta a chinntiú.

**Ceannlínte 2010**

- Táirgeadh leanúnach d'uisce óil ardchaighdeáin ó Léim an Bhradáin agus Portach na Roinne. Déantar torthaí míosúla de cháilíocht an uisce óil a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Comhairle d'ionaid chóireála agus príomhphíobáin dháilte.
- Feidhmiú leanúnach de na Rialacháin um Uisce Óil ina gcuimsítear uirlis tuairiscithe leis an GCC.
- Bainistíocht ardchaighdeáin, ina n-áirítear tuairisciú chuig an GCC d'éachtaí éiliúcháin uisce óil.
- Lean an Roinn Ligean air ag cuardach láithreacha ligean agus á ndeisiú ar fud an Chontae. Thairis sin, d'fhan leibhéil Uisce gan Tásc (UGT) ag leibhéal ard i 2010 de bharr na haimsire fuaire ag tús na bliana a chruthaigh líon ard ligin. Braitheadh barr-líon ligin, 642, i rith 2010. Bhí sé seo ar dhá oiread an líon a aimsíodh i 2009.

**Seirbhísí Draenála:**

Reáchtálann an Chomhairle dhá ionad cóireála uisce mór ag Sord agus Mullach Íde agus bhí Ionad Barr na gCaorach ag freastal ar Bhaile Brigín agus na Sceirí thar ceann na Comhairle mar oibreoir príobháideach. De bhreis air sin, reáchtálann an Chomhairle roinn ionad cóireála beaga a fhreastalaíonn ar Phort Reanna agus sráidbhailte eile dá leithéid. Déantar fuíolluisce ó cheantar Bhaile Bhlainséir a chóireáil ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Chomhair Contae Bhaile Átha Cliath sa Rinn. Tá an Roinn Draenála freagrach as soláthar agus cothabháil na n-ionad cóireála uisce agus na gcóras bailiúcháin agus soláthar agus cothabháil leithreas poiblí.

**Ceannlínte 2010**

- Lean an clár cothabhála coisctheach ar aghaidh i 2010 ag díriú ar líonra Mhullach Íde.
- Cuireadh oibreacha ar chóras rialaithe bolaidh nua i gcrích ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Shoird i 2010.
- Ceadúnais Scaoilte do na ceirtleáin sa Ros agus i Lusca faighte ón GCC.
- Teastais Údaraithe do cheirtleáin bheaga Bhaile Gháire agus an Áil faighte ón GCC.

# Seribhísí Uisce

## AN ROINN SAOTHAIR DHÍRIGH

Tá an Roinn Saothair Dhírigh freagrach as soláthar bonneagar nua nó ionadaíoch go díreach nó trí leas a bhaint as conraitheoirí ó Chomhaontú Creata.

**Ceannlínte 2010**

- Rinneadh thart ar 12.75km de phríobhphíobáin uisce a athsholáthar sa Chontae i 2010 trí mheascán de scéimeanna uisce reáchtáilte ag foireann CCFG agus scéimeanna níos mó ná sin reáchtáilte ag conraitheoirí ón gComhaontú Creata.
- Athchóiriú Taischumair Bhaile an Choitréalaigh agus athstruchtúrú Stáisiún Pumpála Bhaile an Choitréalaigh.
- Chruthaigh foireann saothair dhírigh dhá fhearas Comhla Laghdaithe Brú.
- Athchuireadh an chuid deiridh den phríobhphíobán uisce ó Thaischumar Bhaile Shiúrdán i 2010, rud a chiallaíonn go bhfuil gach cuid den príobhphíobán straitéiseach athnuaite.
- Cuireadh na hoibreacha deireanacha ar an séarach bréan Seanbhóthar an Aerfoirt i gcrích, I gceist anseo bhí leagan bailitheora nua séarach agus soláthar nasc go tithe agus Eastát Tionsclaíoch amháin.



# Seribhísí Uisce

## AN ROINN RIARACHÁIN

Tá an Roinn Riaracháin freagrach as prótacal cumarsáide na Seirbhísí Uisce a bhainistiú, as bainistíocht airgeadais sa roinn agus as an tacaíocht riaracháin d'Oibreacha agus Tionscadal na Seirbhísí Uisce.

**Ceannlínte 2010**

- Rinneadh 145 iarratas do naisc uisce agus séarach a phróiseáil i 2010.
- Déileáladh le 82 ceist, 35 rún agus 5 mhír cheannteidil ag cruinnithe Comhairle/Coiste i rith 2010.
- Tugadh úsáid an idirlín agus Aertel isteach nuair a bhí na cúinsí troma aimsire ann. Nuashonraíodh na meáin seo go rialta i rith an lae agus ag deireadh seachtainí i rith an ama seo. Chuir seo go mór le feasacht ar mhórchesiteanna soláthair uisce. Tá tuilleadh forbartha á dhéanamh ar an bprótacal do ghéarchéimeanna ar siúl faoi láthair.
- I rith 2010, eisíodh 230 freagairt preasa maidir le Seirbhísí Uisce.

  Bhí formhór díobh bainteach le fógraí Éigeandála maidir le hAimisr Dhian:
  Eanáir/Feabhra: 68; Nollaig: 61

  Bhí an chuid eile bainteach le hiarratais faoi Thúr Uisce Bhaile Cúlann, ICU Dhomhnach Bat/Port Reanna, torthaí do Cháilíocht Uisce Snámha, fógraí Caomhnaithe Uisce agus iarratais ghinearálta. Eisíodh na freagairtí seo ar bhonn iarratais ón bpreas, Teilifís, raidió agus Comhairleoirí.

  Cuireadh 12 phreaseisiúint amach i rith 2010, maidir le sábháilteacht trá agus uisce i rith an míonna samhraidh go príomha ach ag cur béime ar an teachtaireacht maidir le caomhnú uisce chomh maith.

  Bhí 5 alt bainteach leis an aimsir sa Fingal News ( 4 mhórcheist i rith 2010), agus bhí teachtaireacht maidir le Caomhnú Uisce ar chlúdach eagrán Samhraidh 2010. Bhí leathanaigh 4 & 5 den eagrán ag plé le teachtaireachtaí uisce.

# Seribhísí Uisce

## COISTE NA MBEARTAS STRAITÉISEACH

Chruinnigh an Coiste Beartas Straitéiseach Comhshaoil (C.C.S.) ceithre huaire i 2010. Tá an coiste comhdhéanta de Chomhaltaí Tofa na Comhairle chomh maith le hionadaithe ó raon leas Earnála ina gcuimsítear I.B.E.C., I.F.A. agus an t-ionadaí Pobail agus Deonach.

Príomhról an C.S.S. ná forbairt agus machnamh a dhéanamh ar iarmhairt beartas, a dhéantar a chur ansin chuig cruinniú den Chomhairle Contae arna fhaomhadh.

I rith 2010 chuir an Roinn Seirbhísí Uisce ábhair ar na mórcheisteanna seo a leanas i láthair don C.S.S.:

- Cur i láthair maidir le Caomhnú Uisce agus Ligean i bhFine Gall (ag Lar Spain, Seirbhísí Uisce)
- Cur i láthair maidir leis an gCóras Teilimhéadrach Uisce Óil (ag Lar Spain, Seirbhísí Uisce)
- Cur i láthair maidir le Foinse Shuntasach Uisce Réigiún Bhaile Átha Cliath (Tom Leahy, Comhairle Cathrach Baile Átha Cliath)
- Cur i láthair maidir leis an Tionscadal Molta mar gheall ar Dhraenáil Réigiúnach i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath - Ionad Réigiúnach Cóireála Uisce agus Córas Draenála fithiseach. (Peter O'Reilly, Seirbhísí Uisce)
- Cur i láthair i dtaobh FEMFRAMS (Staidéir Riosca Tuile & Bhainistíochta Fhine Gall Thoir agus Mí) tuarascáil chun dáta. (Denise Treacy, Seirbhísí Uisce)

## EOCHIARTHÁSCAIRÍ FIEDHMÍOCHTA / TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE NÁISIÚNTA

**Gearáin mar gheall ar thruailliú uisce:**

| | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|
| Líon. na nGearán/Tarluithe faighte/aitheanta. | 80 | 52 | 37 |
| Líon. imscrúduithe | 80 | 52 | 37 |
| Líon. na ngearán réitithe gan gá le haon ghníomhaíocht bhreise | 17 | 39 | 31 |
| Líon na ngnás foirmiúil forfheidhmithe (Alt 12) ar glacadh | 6 | 7 | 1 |
| Líon. na n-ionchúiseamh tosaithe | 0 | 0 | 0 |
| Ionchúisimh a cuireadh i gcrích go | 0 | 0 | 0 |

# Seribhísí Uisce

## KEY PERFORMANCE INDICATORS

**% na príomhphíobán scaoilte ar deisíodh agus soláthar uisce athshlánaithe laistigh de**

| | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|
| 12 Uair | 95% | 91.2% | 89% |
| 24 Uair | 4% | 3.15% | 2.5% |
| Níos Faide ná 24 Uair | 1% | 5.65% | 8.5% |

**% samplaí uisce ag comhlíonadh Rialachán Uisce Óil**

| | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|
| Léim an Bhradáin | 100% | 100% | 100% |
| Portach an Roinne | 100% | 100% | 100% |
| Líonra Dáilte | 100% | 100% | 100% |

**Leibhéal an Uisce Gan Tásc (UGT)**

| | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|
| UGT | 21.62% | 27.35% | 31.98% |

**% comhlíonta le Rialacháin Chóireála Fuíolluisce Uirbigh**

| | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|
| ICFU Sord | 71.80% | 77.30% | 79.48% |
| ICFU Mullach Íde | 78.85% | 81.76% | 94.5% |
| ICFU Port Reanna | 90.88% | 58.83% | 53.92% |
| ICFU Sráidbhailte | 91% | 75.45% | 65.58% |
| ICFU Barr na gCaorach | N/A | 100% | 91.1% |

| | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|
| Forsceitheadh séarachais ó Stáisiúin Phumpála | 25 | 58 | TBC |

**Fad an Phríomhphíobáin Uisce a Athchuireadh**

| | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|
| Fad na bpríomphíoban uisce athchurtha i méadair | 20,868 | 8,328 | 12,750 |

## AN ROINN POBAIL, CULTÚIR & SPÓIRT

Tá na gníomhaíochtaí agus cláir oibríochta sna hOifigí Pobail, Spóirt agus Ealaíona a luaitear thíos idirnasctha le chéile toisc go n-aithnítear go bhfuil gach ceann acu bainteach go bunúsach le forbairt pobail.

## OIFIG AN PHOBAIL

Bhí Oifigigh Forbartha Pobail na Roinne ag obair ar roinnt clár éagsúil agus thug siad tacaíocht do raon leathan eagraíochtaí pobail i rith 2010. Tá seirbhís chuimsitheach tacaíochta agus comhairleach ar fáil do chomhlachtaí deonacha pobalbhunaithe ar fud an Chontae.

Bhí Oifig an Phobail lárnach i soláthar roinnt Clár agus gníomhaíochtaí i 2010. Bhí na hAonaid ag obair le 114 grúpa tosaíochta ar bhonn míosúil.

### Aonad na dTionscadal Caipitil (ATC)

I rith 2010, ghlac Aonad na dTionscadal Caipitil ról ceannaireachta i bhforbairt bhreise a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Samhla Scoile Fhine Gall trí Áiseanna Roinnte Scoile & Pobail a chríochnú. Críochnaíodh obair ar Ionaid Pobail Ongar agus Baile Fiobail i mí Dheireadh Fómhair/na Samhna 2010. I measc na n-oibreacha eile tá:

- Forbairt ar chaighdeáin oibríochta feabhsaithe in áiseanna comhroinnte reatha agus todhchaí
- Cur i bhfeidhm comhairleoireachta pobail chun dul i gcomhar le hionadaithe pobail
- Críochnú cláir feistithe caipitil do chomhionaid atá curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus an Coiste Gairmoideachais
- Teagmháil leis an Roinn Oideachais, an Coiste Gairmoideachais agus a gcuid foirne dlí chun comhaontú dleathach a bhunú do chomháiseanna

### An tAonad Forbartha Pobail (AFP)

Príomhchuspóir obair an Aonaid Forbartha Pobail ná tacú leis an bpobal agus grúpaí pobail agus deonacha i bhFine Gall agus cur ar a gcumas tionchar éifeachtach a bheith acu agus dul i ngleic le heisiamh sóisialta ina gcuid pobal féin. Sa bhliain 2010, chuir an tAonad tacaíochtaí agus oiliúint ar fáil, eolas agus seirbhísí meantóireachta ar fáil do bhreis is 45 grúpa deonach cónaitheoirí. Chuir an tAonad 7 gclár oideachais pobail ar fáil do 70 rannpháirtí sa réimse scileanna coiste. Ar an meán, cuireadh 48 leibhéal tacaíochta ar fáil do ghrúpaí pobail amhail clár pleanála, forbairt beartas agus tacaíochtaí foirne agus tugadh tacaíocht do 36 grúpa breise agus iad ag dul i mbun iarratais cistithe a ullmhú. Leathnaigh obair an Aonaid nuair a forbraíodh an tionscnamh Fingal Hello Neighbour agus nuair a forbraíodh an clár oiliúna Know Your Council.

# Pobal, Áineas agus Áiseanna

### An tAonad Tacaíochta d'Áiseanna Pobail (ATÁP)

Cuireann an ATÁP eolas, meantóireacht, comhairle agus samhlacha ar fáil ar dhea-chleachtas i ndisciplíní ar leith. Bíonn an tAonad ag obair le gach áis phobail a bhaineann leas as cistiú cúnta bainistíochta na Comhairle.

### An tAonad Forbartha Líonra (AFL)

I 2010, thug an AFL tacaíocht do 5 líonra pobail, chomh maith le Fóram Deonach Pobail Fhine Gall. Tá gach ceann acu seo tar éis a gcuid Pleananna Gníomhaíochta a bhaint amach don bhliain. Ghlac an tAonad páirt i raon leathan grúpaí oibre agus coistí.

### An tAonad Cistithe agus Faisnéise (ACF)

Tugann an ACF tuairisc maidir le gach iarratas cistithe a fhaightear faoin gClár Tionscadal Gníomhaíochtaí agus Samhraidh. I 2010, d'éirigh hiarratas an ACF leis an Aire Lánpháirtíochta agus cuireadh ciste de ?74,900 ar fáil chun tacú le tionscnaimh lánpháirtíochta trí Scéim Chistithe Lánpháirtíochta na Comhairle.

**Cistiú Curtha ar Fáil d'Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha i 2010**

| Ceantar | Cistiú ealaíona | Tionscadail samhraidh | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Baile Brigín/Sord | €30,950 | €27,470 | €58,420 |
| Caisleán Cnucha/Mullach Eadrad | €6,600 | €25,720 | €32,320 |
| Binn Éadair/Mullach Íde | €12,700 | €5,140 | €17,840 |
| Contae (comhiomlán) | €50,250 | €58,330 | €108,580 |

I 2010, meastar go raibh os cionn 4,000 duine óg páirteach sna Tionscadail seo.



## AN OIFIG SPÓIRT

Bhí an Oifig páirteach i raon clár gníomhaíochtaí spóirt agus fisiceacha le linn na bliana agus oibríonn sí i ndlúth-chomhar agus taobh le taobh leis an Oifig Phobail.

Na príomhchláir a bhí ann ná:

### An Clár Cleachtaidh Spóirt (Sportscon)

Lean an Oifig lena chlár Sportscon i mBunscoileanna. Tá Sportscon dírithe go príomha ar leanaí ó aois a 6-9 mbliana agus múineann sé na scileanna bunúsacha spóirt ar bhealach a chuireann ar a gcumas bheith ar ardchaighdeán ag a leibhéil féin.

### Spórt Scoile & Óige

Tá an Oifig tar éis tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil do Bhuntús, agus thosaigh sé raon clár Tosaithe Buntús i suíomhanna réamhscoile. I rith 2010, d'eagraigh an Oifig blitz-chomórtais Sacair agus Rugbaí Leaiste, léig cricéid faoi dhíon, ócáidí trastíre Bunscoile agus blitzchomórtais badmantain. Reáchtáladh tionscnamh Sacair Oíche i gceithre shuíomh, dírithe ar aosaigh óga a spreagadh le bheith páirteach i gcaitheamh aimsire dearfach. I mbliana, thacaigh na Gardaí Síochána Áitiúla leis na cóitseálaithe, rud a chabhraigh leo caidreamh a chruthú leis na daoine óga ar an gclár. Reáchtáladh tionscadal "kidgloves", dírithe ar bhuachaillí agus cailín 9-13 bliana d'aois, chun iad a thabhairt isteach sa dornálaíocht.

### Clár Oideachais cóitseálaithe

Thacaigh an Oifig le raon cúrsaí Oiliúna Cóitseálaithe/Réiteoirí Comhlachtaí Rialála Náisiúnta agus oiliúint Scileanna Éigeandála (garchabhair) d'oibrithe deonacha.

### Cláir ghníomhaíochta

I measc na ngníomhaíochtaí a reáchtáil an Oifig i rith 2010 bhí roinnt clár snámha d'aosaigh breacaosta, clár gailf dhá mhaide, club Badmantain Maidine Ban, clár Pártíochta Taistealaithe agus Trí-Atlan Ráibe Fhine Gall.

### Forbairt Spóirt Comhchistithe

Comhchistíonn an Oifig 5 Oifigeach Forbartha Sacar sa Phobal i gcomhar leis an F.A.I, Oifigeach Forbartha Rugbaí R.F.U. Laighean, Oifigeach Forbartha Leadóige páirtaimseartha amháin, i gcomhpháirtíocht le Leadóg Éireann, agus Oifigeach Forbartha Cruicéid i gcomh-pháirtíocht le Cruicéad Laighean.

### Mná sa Spórt

Chomhchistigh Comhairle Spóirt na hÉireann cláir inar cuimsíodh blitzchomórtas camógaíochta, Gaeilge do Chailíní, damhsa Hip Hop agus Exercise Energise - clár Meánscoile dírithe ar chailíní 12-14 bliana d'aois nach mbeadh páirteach sa spórt nó i ngníomhaíochtaí fisiceacha de ghnáth.

### Spóirt Mhíchumais

Chuir an Oifig clár oiliúna "Bí Gníomhach Bí Uileghabhálach" ar fáil, rud a chuir oiliúint spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla ar fáil do chúramóirí agus deonaigh a bhíonn ag obair le daoine atá faoi mhíchumais.

### Corn Harmony

Bhí 4 chatagóir sa chomórtas sacair seo a reáchtáil an Chomhairle arís i 2010 - buachaillí, cailíní, foirne Cluichí Oilimpeacha agus Powerchair.

# Pobal, Áineas agus Áiseanna

### Forbairt Líonraithe agus Straitéise

D'fhreastail an Oifig ar Líonra Comhpháirtíochta Spóirt Chomhairle Spóirt na hÉireann - cruinnithe ráithiúla agus thosaigh siad ar straitéis spóirt cúig bliana a ullmhú do Chomhairle Contae Fhine Gall.

### Sporting Fingal FC

Tharla comhoibriú ar leith i gcruthú foirne Chluichí Oilimpeacha Speisialta Fhine Gall agus Powerchair. I 2010, bronnadh Dámhachtain Feabhais an Taoisigh don tSeirbhís Phoiblí ar thionscadal Sporting Fingal.

### Ciste Pobail Sporting Fingal

Chruthaigh an Club Iontaobhas Pobail Sporting Fingal i 2009 mar ghéag carthanachta a gcuid oibreacha. Thacaigh an tOifigeach leis an Iontaobhas a úsáideann cumhacht an spóirt agus, ach go háirithe, cumhacht shacair chun leanaí, daoine óga agus aosaigh a spreagadh chun a lán a gcumas a bhaint amach. Oibríonn an tIontaobhas i gcomh-pháirtíocht le raon Gníomhaireachtaí ina gcuimsítear an Chomhaire, An Coiste Gairmoideachais, na Gardaí Síochána, FÁS, FSS agus eile chun a gcuid clár a sholáthar agus a bpríomhchuspóirí ná chun baint amach oideachais a mhéadú, tacú leis an oideachas agus oiliúint, páirtíocht níos mó a spreagadh sna spóirt, iompraíocht fhrithshóisialta a dhímholadh, tacú le Foghlaim ar Feadh an tSaoil, feasacht a mhéadú ar thábhacht sláinte agus folláine agus tacú le lánpháirtiú sóisialach. Chuir an tIontaobhas 15 chlár ar fáil i gcomhpháirtíocht le 17 ghníomhaireacht agus grúpa agus chuaigh sé i gcomhar le os cionn 500 duine óg agus aosach.



# Pobal, Áineas agus Áiseanna

## OIFIG NA NEALAÍON

Ról Oifig Ealaíon na Comhairle ná chun gníomhaíocht chultúrtha a spreagadh agus tacú leis laistigh d'Fhine Gall.

### Deontais Ealaíne

I 2010, bhronn Oifig na nEalaíon os cionn ?28,000 do ghníomhaíochtaí Ceoil, Drámaíochta, Amharcealaíne agus Ealaíne Traidisiúnta sa Chontae. Bronn ?22,000 san iomlán ar Fhéilte Ealaíne Pobail agus Fhéilte Ceoil Traidisiúnta. Bronnadh ?609,000 go díreach ar dhá Ionad Ealaíne na Comhairle, Draíocht i mBaile Bhlainséir, agus Ionad Cultúrtha Sheámus Ennis san Áil.

### Ionaid Chultúrtha

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag leanúint leis ag caomhnú bheatha cultúrtha agus cuireann sé rochtain phoiblí ar fail ar na hEalaíona i bhFine Gall trí fhorbairt leanúnach ar an dá Ionad Ealaíne ann. Is iad an Chomhairle atá mar úinéirí agus cisteoirí ag an dá Ionad, Draíocht, i mBaile Átha Cliath 15 agus Ionad Cultúrtha Shéamus Ennis san Áil.



### Forbairt Beartas

I ndiaidh tosú taighde i 2009 ar Bheartas Óige & Oideachais agus Beartas Ealaíne Poiblí, ina raibh comhairliúchán suntasach i gceist, ghlac an Chomhairle leis an dá Bheartas i mí Bealtaine 2010

### Ógtheagmháil agus Oideachas

Príomhchuspóir de chuid na hOifige ná comhriochtain a sholáthar ar na hEalaíona agus páirtíocht i ngach gné de na hEalaíona a spreagadh i bpobail Fhine Gall. Chun páirtíocht fhorleathan a spreagadh sna hEalaíona, téann an Oifig i gcomhar le scoileanna, grúpaí pobail agus comhlachtaí reachtúla ábhartha chun ceardlanna ardchaighdeáin agus cláir Ealaíontóirí Cónaithe a sholáthar. I 2010, reáchtáil Oifig na nEalaíon na cláir seo a leanas: Ealaíon san Oideachas (Dealbh Gainimh i bPort Mearnóg)l Scéimeanna Ealaíontóirí Cónaithe; Tionscadail Phobail; na hEalaíona sa Leigheas: (Tionscadal Athchuimhe).

### Sparánachtaí d'Ealaíontóirí Proifisiúnta

Ar aon dul lena dtiomantas leanúnach d'ealaíontóirí proifisiúnta, chuir an Oifig chónaitheach phrionta mhínealaíne ar fáil ag Graphic Studio Baile Átha Cliath d'ealaíontóirí le scileanna i ndéanamh priontaí.

### Ealaín Phoiblí

Tugann dhá thionscadal mór léiriúchán maith ar an mbliain: Réalta na Mara, Robert McColgan (Binn Éadair) & The Hide, Garret Phelan (Inbhear an Mhóinéir Leathain).

# Pobal, Áineas agus Áiseanna

### Seo a leanas na Tionscadail Ealaíne Poiblí a cuireadh i gcrích i 2010:

**Efflorescence, Martina Coyle**
Seoladh an dealbh sealadach seo ar  Shráid an Iarnróid, Baile Brigín agus tá sé ina shamhail de dhroichead a nasc dhá phríomhfhoirgneamh mhonarchan Smyth & Co tráth ag baint úsáide as patrúin shíoda, cadáis agus obair feirbín atá bainteach le stocaí iomráiteacha na monarchan - “Baile Brigíns”.

**O’Machine, O’Machine, Brian Duggan**
Tharla gné foilseacháin an tionscadail seo i mí Dheireadh Fómhair 2010. Ag tógáil an nóibhille “The Machine Stops” 1909 mar fhoinse thagartha, tharraing an t-ealaíontóir pictiúir d’aistear trí Fhine Gall chun scéal a chruthú mar gheall ar an tírdhreach ann. Seolfar an scannán i mí Bealtaine 2011.

### I measc Thionscnamh na hOifige Ealaíon i 2010 bhí:

**Lá Líníochta:**
Sraith ócáidí chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Líníochta Náisiúnta 2010 a bhí ar siúl i gCaisléan Mhullach Íde i mí Bealtaine 2010.

**Taispeántas agus Clár Oideachais “In Colour”**
Bhí an Oifig i mbun coimeádachta taispeántas ar leith a bhí dírithe ar acmhainní a sholáthar do dhaltaí agus múinteoirí Siollabais Ardteiste i Stair agus Tuiscint na hEalaíne. Chuaigh obair ar tógadh ar iasacht ó chnuasaigh Chomhairle na nEalaíon, AIB agus Dánlann Luimnigh ar taispeáint in Draíocht.

**Spréacha**
Bhí an 7ú Féile Ealaíne Leanaí, Spréacha, ar siúl in Draíocht. Chuir Oifig na nEalaíon agus Draíocht saineolas agus acmhainní le chéile chun an ócáid fhíor-rathúil seo a phleanáil. Ba iad compántais idirnáisiúnta drámaíochta ón Eoraip príomhaíonna na hócáide a bhí ar bun i mí Meithimh os comhair luchtanna féachana lána.

**Amharc Fhine Gall**
Bhí 7ú Amharc Fhine Gall bliantúil ar siúl in Draíocht, ina raibh ealaín de chuid beirt chéimí Ealaíne ó Fhine Gall. Tharla lá forbartha proifisiúnta in éineacht leis an ócáid seo do chéimithe nua agus daltaí darbh ainm “What Next?”.

### An tAonad Áiseanna Pobail agus Tionscadal Caipitil Comhtháite

I rith 2010, lean an tAonad seo air ina ról ceannaireachta ag cur feasachta chun cinn i measc forbróirí maidir leis an tábhacht agus an leas tráchtála a bhaineann le cinntiú go ndéantar machnamh cuí ar inbhuaine pobal nua, trí sholáthar áiseanna, in ullmhú a gcuid pleananna.

Bhí an Roinn réamhghníomach i spreagadh rochtana don phobal i gcoitinne ar, agus úsáid, áiseanna scoile. Tá ról suntasach fós ag an Roinn i dtacú leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta foirgnimh nua scoile a sholáthar trí idirbheartú agus suíomhanna áirithe nua sa chontae a ghnóthú. Faoi Shamhail Scoileanna Fhine Gall, críochnaíodh dhá scoil nua, S,N. Naomh Beinidict, Ongar agus Pobalscoil Setanta, Baile Fiobail, araon i mBÁC 15, agus ina bhfuil dhá Ionad Pobail/Áineasa mór ann ar mhaithe le leas an phobail i gcoitinne.

# Pobal, Áineas agus Áiseanna

## ROINN NA LEABHARLANN

Reáchtáiltear Leabharlanna Contae Fhine Gall trí naoi mbrainse leabharlann ag Baile Brigín, Baile Dúill, Baile Bhlainséir, Baile Gháire, Binn Éadair, Mullach Íde, An Ros, Sord agus na Sceirí. Tá ceannoifig sheirbhís na Leabharlann Taistil bunaithe i gCúil Mhín agus tugann sé cuairt ar 56 suíomh ar fud an chontae ar bhonn seachtainiúil. Cuireann Leabharlanna Contae Fhine Gall seirbhís ar fáil dóibh siúd atá Gafa sa Teach. Tá an Roinn Staidéar Áitiúil/Taifead suite i dTeach Chluain Meala, Sord.

### Leabharlann an Rois

Tá Leabharlann an Rois oscailte go hoifigiúil ag Comhairle Contae Fhine Gall anois, agus tá sé suite i Séipéal álainn athchóirithe Naomh Maurs, An Ros ar Luan an 29 Samhain 2010.

Bhuaigh athchóiriú Naomh Maurs an chatagóir an tAthchóiriú / Caomhnú is fearr ag Dámhachtainí Ailtireachta na hÉireann IRAÉ 2010. Thairg an Méara Fhine Gall, an Comhairleoir Ken Farell, an leabharlann go hoifigiúil do phobail an Rois. D'oscail leabharlann an Rois a doirse don phobal den chéad uair ar an 12 Iúil 2010. Bhí sé ar an gcéad leabharlann i bhFine Gall a thairg an-chuid teicneolaíochtaí nua ar nós féinseirbhíse agus cluichí consóil. Tá an áis nua iontach seo, atá anois mar chroílár phobal an Rois, oscailte sé lá, nó 50 uair, in aghaidh na seachtaine. Ag deireadh na bliana, bhí 3,500 ball ag an leabharlann rathúil seo.

### Féinseirbhís: RFID (Sainaithint Radaimhinicíochta)

I mí Iúil 2010 d'aistrigh Leabharlanna Fhine Gall óna seanchóras go córas nua féinseirbhíse i Leabharlanna Baile Bhlainséir agus an Rois araon agus bhain siad barrchéatadán iasachta pobail amach de beagnach 90%. Cuireann na teirminéil féinseiceála seo ar chumas gach úsáideora leabharlainne a gcuid idirbheart féin a leanúint. Cuimsíonn RFID córas láimhseála airgid a chuireann ar chumas úsáideoirí a gcuid fíneálacha a íoc d'ábhair thar téarma gan aon idirghabháil ó chomhalta foirne. Leasaíonn an t-aistriú go féinseirbhís RFID cuairteanna ar leabharlanna agus sreabhadh oibre leabharlainne trí luas seiceála leabhar isteach agus amach a mhéadú, rud a chuireann ar chumas fhoireann na leabharlainne bheith i dteagmháil le húsáideoirí na leabharlainne.

### Clárú ar Líne

Sheol Leabharlanna Fhine Gall "Clárú ar Líne" i samhradh 2010 - féadann saoránaigh clárú mar bhaill de Leabharlanna Fhine Gall ó chompord a dtithe féin. Tugann an córas nua seo deis níos fearr dul i dteagmháil le húsáideoirí trí r-phost agus/nó téacs.

### Leabhair Labhartha is féidir a Íoslódáil

Seoladh seirbhís nua spreagúil d'úsáideoirí cláraithe Leabharlann Fhine Gall i mí Mheán Fómhair 2010. Is féidir le gach ball de leabharlann Fhine Gall Leabhair Labhartha In-Íoslódáilte, leaganacha digiteacha de closleabhair, a sheiceáil amach agus a íoslódáil go ríomhaire tríd an gcóras Leabharlainne Gréasáin ón Idirlíon. Féadann úsáideoirí leas a bhaint as an tseirbhís saor in aisce seo agus éisteacht le r-Closleabhair in aon áit, ag aon uair.

# Pobal, Áineas agus Áiseanna

### Cluichí Consóil

Seoladh cluichí consóil sárdhíola in aisce, atá comhoiriúnach do gach consól nua, i bhFine Gall i 2010 agus chuaigh sé i gcion go mór ar aos óg an chontae.

### Teicneolaíocht Chúnta

Cuireadh crua-earraí agus bogearraí Teicneolaíochta Cúnta amach go 4 leabharlann bhreise inár gcóras i rith 2010 agus méadóidh rochtain air ónár líonra leabharlann amach anseo.

### Ionad Europe Direct

Is nasc díreach é Ionad Europe Direct ag Leabharlann Bhaile Bhlainséir chuig an Eoraip do shaoránaigh uile Fhine Gall. Soláthraíonn sé rochtain ar eolas, saor in aisce, ar réimse ábhar trí PC tiomnaithe, seirbhís ghutháin saor in aisce, bileoga, leabhráin agus irisleabhair. I 2010 chinn Ionaid Europe Direct na hÉireann Ócáid Náisiúnta a reáchtáil. Pleanáladh Ócáid Ardáin Chainte ar an téama “Fuinneamh Gaoithe - an todhchaí nó ina bhlab ar an timpeallacht?”

B’ócáid mhór í agus is é FPE Joe Higgins a rinne cathaoirleacht air. Tharraing an ócáid seo aird na meán agus rinneadh é a thaifeadadh don teilifís agus don raidió.

### Ócáidí 2010

Tharla 3,970 ócáid agus gníomhaíocht saor in aisce, a d’fhreastail ar gach aoisghrúpa agus grúpa sainleasa, i Leabharlanna Fhine Gall i 2010. Bhí an éagsúlacht i gclár na n-imeachtaí ollmhór, idir dhamhsa Hip Hop agus ranganna Fraincise do dhéagóirí, is sheisiúin cóitseála saoil d’aosaigh, insint scéal, ealaíon agus léamha údair d’aosaigh agus leanaí araon. Lean Leabharlanna Fhine Gall orthu ag tabhairt tacaíochta do, agus bheith páirteach i bhfeachtais fógraíochta náisiúnta amhail Seachtain na Gaeilge, Bealtaine, Seachtain Leabharlann na hÉireann, Féile Leabhar na Leanaí agus Seachtain Eolaíochta na hÉireann.

### R-Fhoghlaim sa Leabharlann

Is clár pobalbhunaithe sa Leabharlann é r-Fhoghlaim FÁS a chuireann áis saor in aisce ar fáil do mhuintir Fhine Gall scileanna ríomhaireachta a fhoghlaim ina gceantar féin.

### Scríbhneoireacht 3.0 Féile Bhliantúil Scríbhneoirí Fhine Gall

Ceann de bhuaicphointí chlár Leabharlann Fhine Gall do 2010 ab ea Scríbhneoireacht 3.0 Féile Scríbhneoireachta Fhine Gall ar chomhchláraigh Leabharlanna Fhine Gall agus Oifig Ealaíon Fhine Gall. Ag díriú ar an bpróiseas scríbhneoireachta sa 21ú hAois, d’éirigh go han-mhaith le Scríbhneoireacht 3.0. I measc na mbuaicphointí bhí ócáid phoiblí: The Drivetime Diarists Beo ó Teach Farmleigh agus Seisiún Maidhc Oscailte i Seomra Comhairle Fhine Gall.



### Seoladh Scríbhneoireacht 3.0

De réir duine amháin a d’fhreastail ar an Seisiún Maidhc Oscailte, a bhí ar siúl i Seomra Comhairle Fhine Gall, bhí sé ar ‘cheann de na hOícheanta Maidhc Oscailte is fearr a bhí ann le tamall’.

# Pobal, Áineas agus Áiseanna



| ROINN NA LEABHARLANN | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| Míreanna ar iasacht | 1,229,879 | 1,201,342 |
| Baill chláraithe | 129,020 | 88,616* |
| Uaireanta úsáide idirlín | 112,753 | 96,984 |
| Cuairteanna ar shuíomhanna gréasáin | 63,216 | 33,571 |

| Táscairí feidhmíochta | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| Meánlíon na n-uaireanta oscailte poiblí in aghaidh na Seachtaine do leabharlanna lánaimseartha | 49.0 | 48.93 | 48.93 |
| Meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine do leabharlanna Páirtaimseartha (más infheidhme dó) | 23 | 29 | 29 |
| Líon na mball cláraithe leabharlainne mar % den daonra áitiúil (Daonáireamh 2006) | 53.8% | 36% | 36% |
| Líon na míreanna eisithe in aghaidh an duine sa daonra (Ar fud an chontae): | | | |
| (a) Leabhair | 3.97 | 3.98 | 3.84 |
| (b) Eile | 1.16 | 1.03 | 0.97 |
| (c) Iomlán: Leabhair móide Eile | 5.13 | 5.01 | 4.81 |
| % na Leabharlann a chuireann Rochtain Idirlín ar fáil don phobal | 100% | 100% | 100% |
| Líon na Seisiún Idirlín a cuireadh ar fáil in aghaidh gach 1000 sa daonra | 470.71 | 404.10 | 428.61 |
| Caiteachas sa Chiste Leabhar per capita | 4.15 | 5.83 | 7.18 |
| Cuairteanna pobail chuig Leabharlanna Fhine Gall | 1,043,983 | 1,003,683 | 986,988 |

* Baill chláraithe ginte ón Sceidealóir Faisnéise Bainistíochta nua a dhéanann taifeadadh cruinn ar gach ball reatha

## ROINN NA BPÁIRCEANNA

Tá Roinn na bPáirceanna freagrach go príomha as pleanáil, soláthar agus cothabháil thart ar 5,000 acra (2,000 Ha.) de spás oscailte poiblí i bhFine Gall. Bainistíonn an Roinn páirceanna réigiúnacha agus comharsanachta, tithe stairiúla agus áiseanna spóirt ar fud an Chontae.

Cuireann an Roinn deiseanna caithimh aimsire agus áineasa ar fáil do lucht cónaithe Fhine Gall agus cuairteoirí araon. Tá ceantair mheánacha agus teorainn cuid mhór den líonra mótarbhealaigh sa Chontae faoi chothabháil aige chomh maith. Reáchtálann an Roinn seirbhísí comhairleacha/dearaidh do Ranna Comhairle eile in éineacht le hoibreacha eile nuair a iarrtar orthu.

### Mórghníomhartha i rith 2010

**Áiteanna Súgartha agus limistéir Ilúsáide Cluichí**

I rith 2010 osclaíodh/tógadh de chúram áiteanna nua súgartha sa Choireán agus sa Chorr Dhubh i mBaile Bhlainséir, agus sa Tobar Naofa agus Coill an Droma i Sord. Osclaíodh Limistéir Ilúsáide Cluichí (LIC) i Móinéar na hAbhann agus Thornleigh i Sord agus ag Seabury, Mullach Íde.

**Faisnéis bhithéagsúlachta**

Glacadh leis an gcéad Phlean Bithéagsúlachta riamh ag Fine Gall. Seo an chéad Phlean Bithéagsúlachta mapáilte sa stát. Mheall an Lá Bithéagsúlachta i mí Bealtaine 2010 15,000 cuairteoir go Diméin an Droichid Nua, Domhnach Bat agus cuimsíodh an chéad ócáid Bith-bhlitz ann. Cuireadh oibreacha cothabhála dumhcha i gcrích sa Ros.

**Oibreacha Crann**

Tógadh ‘Foraois Fhine Gall - Straitéis Chrann d’Fhine Gall - i gcúram i mí na Samhna 2010 agus tabharfaidh sé aghaidh ar conas a dhéantar crainn agus coillearnacha a bhainistiú agus a fhorbairt. Cuireadh clár cur crann sráide i gcrích i rith chlár na n-oibreacha geimhridh, chomh maith le hoibreacha leasúcháin ar chrainn reatha bunaithe ar éigeandáil agus gearáin. Leathnaíodh obair shuirbhé don chóras bainistíochta Ezy-Treev i rith 2010.

**Growing Places**

Tosaíodh Tionscnamh Growing Places Fhine Gall thar na 40 páirc agus spás oscailte i bhFine Gall. I gceist leis an gcur chuige tá comhoiriúint acmhainní cothabhála le patrúin úsáide spáis oscailte agus páirtíocht na bpobal áitiúil agus grúpaí cónaitheoirí a mhéadú i gcinntí faoi conas a déantar a spásanna oscailte a fhorbairt agus a chaomhnú. I rith 2010 caomhnaíodh os cionn 300 acra mar mhóinéir de bhláthanna fiáine agus cuireadh 80,000 bleib bláthanna i spásanna oscailte i bhFine Gall.

**Diméin Sheantraibh**

Lean obair ar aghaidh ar athshlánú na Diméine  inar cuimsíodh obair plandaithe agus an gairdín fallaithe leis an ngrúpa pobail áitiúil páirteach ann.

# Pobal, Áineas agus Áiseanna

**Páirc Réigiúnach Gleann na Life - Oibreacha Leasúcháin Naomh Caitríona.**

Cuireadh oibreacha i gcrích ar sholáthar páirceanna nua spóirt sa pháirc seo.

**Diméin Mhullach Íde**

Chuaigh scéim leasúcháin suntasach deontaschuidithe chun cinn i nDiméin Mhullach Íde i rith 2010 a chuirfidh feabhas mór ar an gCaisleáin, na Gairdíní Lusanna agus Áiseanna na gCuairteoirí nuair a chuirfear i gcrích é.

**Fógraí Deochanna Meisciúla**

Eisíodh 98 Fógra Seasta Íocaíochta faoi Fodhlíthe Deochanna Meisciúla na Comhairle

**Páirceanna Réigiúnacha Bainistihe agus Faoi Chothabháil:-**

- Diméin Ard Giolláin, Baile Brigín
- Diméin Mhullach Íde, Mullach Íde
- Teach agus Diméin an Droichid Nua, Domhnach Bat
- Gleann Abhann an Bharda
- Gleann an Tulcha
- Diméin Sheantraibh
- Páirc Réigiúnach Ghleann na Life – Naomh Caitríona



**I measc na nÁiseanna do Chuairteoirí**

Déanann Roinn na bPáirceanna rogha leathan áiseanna cuairteoirí a sholáthar agus a bhainistiú ar fud an Chontae. Tá gairdíní fairsinge an Diméinte Mhullach Íde agus Ard Giolláin. Reáchtáiltear turais threoraithe rialta d'fhoirgnimh stairiúla Fhine Gall, chomh maith le feirmeacha traidisiúnta ag an Droichead Nua, agus Iarnród Mionsamhlach Fry (bainistithe le Turasóireacht Bhaile Átha Cliath) ag Mullach Íde agus Ionad Oidhreachta Tionsclaíoch Muilte na Sceirí. Tá raon seomraí tae agus caife ar fud an Chontae a chuireann áis mhóréilimh ar fáil don phobal áitiúil agus cuairteoirí araon.

**Áiteanna Súgartha**

Cuireadh áiteanna suntasacha súgartha, atá faoi chothabháil, ar fáil in 8 suíomh ar fud Fhine Gall ina n-áirítear Gleann Abhann an Bharda, Diméin an Droichid Nua, An tOileán Rua sna Sceirí agus Páirc na Mílaoise i mBaile Bhalinséir.

# Pobal, Áineas agus Áiseanna

### Áiseanna Spóirt

- Bhí 175 páirc faoi chothabháil do raon spórt buíne ina n-áirítear Iománaíocht, Camógaíocht, Haca, Peil Ghaelach, Sacar, Rugbaí agus Peil Mheiriceánach.
- Bhí 4 pháirc ilaimsire ar fáil i mBaile Brigín, na Sceirí, an Chorr Dhubh, Baile Bhlainséir agus Gort na Giolcaí, Mullach Íde.
- Cuireadh páirceanna cruicéid ar fáil i nDiméin Mhullach Íde agus ag Páirc an Bhaile, Na Sceirí.
- Bhí Faiche Bollaí riartha ag Club Babhlála na Sceirí ag feidhmiú i bPáirc an Bhaile, na Sceirí.
- Bhí 46 cúirt leadóige, 30 ina bhfuil toilshoilsiú, faoi chothabháil i an-chuid suíomhanna sa chontae.

### Áiseanna gailf

Bhí áiseanna gailf ar fáil in :-

- Ionad Gailf Faiche an Leamháin, Caisleán Cnucha (Galfchúrsa 18 bpoll, Cúrsa Gailf Dhá Mhaide 18 bpoll; agus Raon Gailf 24 stalla)
- Dumhach Gailf an Chorr Bhaile, Domhnach Bat (Dumhach Gailf Poiblí). Osclaíodh trí pholl nua, agus 4ú poll ar athmhúnlaíodh, don phobal i mí Bealtaine 2009.
- Diméin Mhullach Íde. (Galfchúrsa 9 bpoll par 3 agus Cúrsa Gailf Dhá Mhaide)



### Tionscadail Athchóirithe

Tionscadail in:-

- Caisleán agus Clós Séipéal na Bró Móire, Baile Brigín, i gcomhlachas le FÁS, Cumann Forbartha agus Pobail na Sceirí agus Cumann Cultútha agus Oidhreachta Bhaile Brigín i rith 2010.
- Osclaíodh Caisleán Shoird, i gcomhlachas le FÁS agus Coiste Athchóirithe Caisleán Shoird, agus an séipéal athchóirithe go hoifigiúil don phobal.
- Muilte Eanach na Life, Tionscadal Tionsclaíoch Oidhreachta

# Pobal, Áineas agus Áiseanna

### Cur Crann agus Maisiú Pobail

- D'eagraíodh ócáidí do Sheachtain Náisiúnta na gCrann agus Lá Náisiúnta na gCrann in mí Márta le comhoibriú leantach ó scoileanna áitiúla agus Comhairle Crann na hÉireann
- Reáchtáladh an clár náisiúnta cur crann agus tor, cur séasúrach agus cur agus cothabháil crann sráide chomh maith.
- Cuireann Crainn Nollaig ar fáil in 15 shuíomh agus cuireadh áiseanna Athchúrsála Crann Nollaig ar fáil ar fud an chontae.

### Forbairt Spásanna Oscailte

- Lean an glacadh-de-chúram agus an fhorbairt bhunúsach agus mhín de spásanna nua oscailte i rith na bliana.

### Ócáidí i bPáirceanna

Cuireadh drámaí de chuid Shakespeare i láthair ar Phlásóg Thiar Diméine Mullach Íde agus sa ghairdín fálaithe ag Caisleán Ard Giolláin i rith Samhradh 2010.



### Cuibhrinn

I rith 2010, caomhnaíodh 2 shuíomh cuibhrinn ag Baile an Phaoraigh i mBaile Átha Cliath 15 agus ag Ascaill Tuirbhe, Domhnach Bat. Cuireadh 450 cuibhreann ar fáil ag na suíomhanna seo. Thosaigh oibreacha chomh maith ar sholáthar 200 cuibhreann breise ag Bóthar an Mhachaire Gailf, na Sceirí, Co. Átha Cliath

# An Roinn Tithíochta

## 1. TÓGÁIL

Cuireadh 4 aonad nua tithíochta sóisialta ar fáil faoinár gClár Tógála 2010. Chuir an Clár 18 n-aonad tithíochta inacmhainne bhreise ar fáil rud a dhéanann iomlán de 22 aonad curtha ar fáil faoi na scéimeanna seo a leanas-

- An Seanbhaile, Co. Átha Cliath.
- An tSráid Mhór, An Ros.



De bhreis air sin gnóthaíodh 10 n-aonad shóisialta nua faoi Scéim Cheannaigh na dTithe Príobháideacha.

Bhí an tógáil tithíochta leantach áit chónaithe ag Cúirt Naomh Cróinín, Sord.

Cuireadh 38 aonad tithíochta Inacmhainne/Úinéireacht Roinnte ar fáil faoi cuid V de na hAchtanna Pleanála & Forbartha 2000-2002.

## 2. STOC TITHÍOCHTA

### Cíos

Ar an 31 Nollaig 2010 bhí 4,457 aonad réadmhaoine ag an gComhairle ina stoc tithíochta.
An t-ioncam Cíosa a bailíodh ó na haonad réadmhaoine seo ná ?13,059,384.
Ar an 31 Nollaig 2010, tháinig íocaíocht de ?12,851,663 as 1,933 cuntas beo morgáiste.

## 3. BAINISTÍÓCHT EASTÁIT

Tabhaíodh €5.33m de chaiteachas ioncaim mar chothabháil freagartha agus cothabháil ghinearálta ar Stoc Tithíochta agus eastáit na Comhairle. Déileáladh le 8,400 iarratas cothabhála i rith 2010.

De bhreis air sin, tá 3,400 coire mar pháirt de chlár seirbhíse coirí na Comhairle.

Reáchtáladh 9 gcúrsa Intreorach Tionóntaí chun tacú le hiarratasóirí tithíochta dul i dtaithí ar a dtithe agus a bpobail nua.

D'fhreastail Bainistíocht Eastát ar 29 cruinniú Cumainn Cónaitheoirí i rith 2010. Tabhaíodh caiteachas Caipitil de €4m do chláir chothabhála phleanáilte agus feabhsuithe eile ar nós:-

- Deisiúcháin Réamh-Ligin curtha i gcrích in 173 áit chónaithe.
- Suiteáil agus uasghrádú Téamh Lárnaigh in 129 áit chónaithe.
- Suiteáladh pluideanna dóiteáin in 4,457 áit chónaithe.
- Déileáladh le 559 gearán mar gheall ar Iompraíocht Frith-shóisialta i rith 2010.
- Rinneadh oibreacha athchóirithe ar 22 áit chónaithe in Eastát Radharc Bheanna Boirche.



## 4. LEITHDHÁILTÍ

Leithdháiltedh 415 áit chónaithe ar iarratasóirí ón liosta tithíochta. Seo a leanas an miondealú air:-

| | |
|---|---|
| • Tógáil Nua Sóisialta | 52 |
| • Sóisialta - Ócáideach | 132 |
| • SCC | 84 |
| • SCC in-situ | 74 |
| • Léasú Fadtéarmach | 1 |
| • Deonach (tógáil nua & inacmhainne neamhdhíolta) | 57 |
| • Deonach - Ócáideach | 15 |

Bhí 7,991 iarratasóirí ar an liosta tithíochta ar 31/12/2010.

Líon iomlán na ndiúltuithe do chóiríocht tithíochta ná 240. Miondealaítear seo mar:-

| | |
|---|---|
| • Sóisialta - Tógáil Nua | 56 |
| • SCC | 58 |
| • Deonach | 126 |

## 5. TITHÍOCHT INACMHAINNE

Tá iomlán de 431 iarratasóir faofa ar an Liosta Tithíochta Inacmhainne. Faomhadh 203 iarratasóir i 2010 agus diúltaíodh do 14 iarratasóir. In ainneoin na gcúinsí dúshlánacha cuireadh 127 díol i gcríoch agus tá 36 aonad réadmhaoine ar íocadh éarlais dóibh agus ar chóir a bheith dúnta go luath i 2011.

## 6. SCC

Ghnóthaigh an Chomhairle 191 aonad réadmhaoine don scéim i 2010, rud a thug líon iomlán aonad réadmhaoine SCC go 557. Tá an Chomhairle tar éis leanúint leis ag laghdú cíosa i ndiaidh athbhreithnithe de bharr coinníollacha an mhargaidh bheith ag athrú rud a ghnóthaigh coigilt de €1.58 milliún thar an chuid eile de na conarthaí a ndearnadh athbhreithniú orthu.

## 7. SCÉIM DEONTAS OIRIÚNAITHE TITHÍOCHTA DO DHAOINE BREACAOSTA AGUS DAOINE ATÁ FAOI MHÍCHUMAIS

Faomhadh 292 deontas príobháideach ar luach €2,415,012.

## 8. CÓIRÍOCHT THAISTEALAITHE

Cuireadh dhá shuíomh nua i gcrích agus áitíodh iad i 2010:-

- Lóiste an Sciobóil – Láithreán Stad 10 Bá.
- Ard Ló – Scéim Grúpthithíochta 10 Aonad.

De bhreis air sin, chuir an Chomhairle an chóiríocht seo a leanas ar fáil do Thaistealaithe:-

- Gnáththithíocht 3
- Grúpthithe Láithreacha 2
- Láithreáin Stad Láithreach 2
- SCC 2

# Roinn na nAiltirí

Chuir Roinn an nAiltirí seirbhísí deartha ailtireachta, suirbhéir cainníochta, caomhnaithe, pleanála, agus fála foirgnimh ar fáil do Ranna uile na Comhairle i rith 2010.

## TIONSCADAIL

### FOIRGNIMH PHOBAIL



**Leabharlann an Rois**

Cuireadh an conradh feistithe i gcrích i rith 2009 agus osclaíodh an leabharlann i rith 2010.

**Suíomhanna Scoile - Tionscadail Phíolótacha - Áiseanna leasaithe d'úsáid Pobail.**

Bhí an roinn páirteach i bplé agus measúnuithe leanúnacha leis an Roinn Áineasa agus Áiseanna Pobail chun teacht ar bhealaí idirgh-níomhúcháin le forbairt tionscadal scoileanna i gceantar Fhine Gall a chur chun cinn ar shlí níos comhleanúnaí.

Cuireadh an chéad dá thionscadal sa chlár seo de láimh i 2010 ag Scoil Naomh Beinidict Ongar, Baile Átha Cliath 15, agus ag Scoil Phobail an Choiste Gairmoideachais ag Baile Fiobail, Baile Átha Cliath 15.

**Caisleán Mhullach Íde**

Lean forbairt an tionscadail seo ar aghaidh i 2010, le hathfhorbairt na n-áiseanna cuairteoirí agus gairdíní, i Mullach Íde. Is comhthionscadal é seo leis an Roinn Readmhaoine Oidhreachta agus Roinn Ailtirí na comhairle.

**Aonaid Fiontair Dhraighneáin**

Cuireadh dhá chonradh d'oiriúnú Chéim 2 agus 3 i bhfeidhm i 2010.

**Láthair Ghassóg Phort Mearnóg**

Thosaigh ullmhúchán na ndoiciméad tairisceana don tionscadal seo i 2010.

**Ionad Séamus Ennis san Áil**

Rinneadh uasghrádú suntasach ar an ionad i 2010 chun freastal ar riachtanais cheadúnaithe agus dóiteáin.

**Siops Martin, an Ros**

Rinneadh Céim 1 de na hoibreacha athchóirithe i 2010 ionas go bhféadfaí an foirgneamh a úsáid mar acmhainn phobail.

**Seirbhísí Comhairleoireachta**

Tá seirbhísí Comhairleoireachta Ailtireachta curtha ar fáil ag Roinn na nAiltirí do Chomhairle Contae na Mí, Comhairle Contae Lú, agus Comhairle Cathrach Dhroichead Átha i 2010.

# Roinn na nAiltirí

## TITHÍOCHT

### Tithíocht Shóisialta & Inacmhainne tugtha chun críche i 2010

**An tSráid Mhór, An Ros**
Cuireadh an scéim inlíonta 4 áit chónaithe seo  i gcrích i 2010.

**SONAS An tSráid Mhór, B, Baile Átha Cliath 15**
Cuireadh an scéim 8-aonad seo i gcrích i mí Márta 2010.

**Ard Ló, Na Sceirí**
Cuireadh tús le tógáil na grúpscéime deich dteach seo do Phobal na dTaistealaithe í mí na Nollag 2009 agus cuireadh i gcrích é i mí na Samhna 2010, beagnach ceithre mhí chun tosaigh ar an sceideal.

**An Bóthar Nua, Lóiste an Sciobóil, Baile Átha Cliath**
Tugadh tógáil an láithreáin stad deich mbá seo chun críche i mí na Samhna 2010.

**Tuairiscí Ceannaigh**
Cuireadh tuairiscí ceannaigh ar 41 teach i gcrích i 2010.

**Iniúchtaí Cuid V**
Tugadh comhairle agus chuathas i mbun iniúchta ar an iarraidh ag an Roinn Tithíochta.

### Tionscadail Tithíochta atá á dtógáil faoi láthair

**CNCT Baile an Triailaigh, Baile Átha Cliath 15**
Scéim tionachta mheasctha d'áiteanna cónaithe le tabhairt chun críche i mí Iúil 2011.



**Scéim Oibreacha Leasúcháin ag Eastát Radharc Bheanna Boirche Na Sceirí (Céim 1a)**
Tosaíodh obair dara céime ar 14 theach seomra codlata amháin  agus 3 theach dhá sheomra codlata i 2009 agus ba chóir go dtabharfar chun críche é i mí Bealtaine 2011.

**Oibreacha Leasúcháin ag Eastát Radharc Bheanna Boirche Na Sceirí (Céim. 2)**
Síníodh conarthaí don scéim oibreacha seo d'oibreacha i 30 teach i mí na Nollag 2010.

**Teach ar Chúirt Naomh Cróinín, Sord**
Áit chónaithe inlíonta amháin tosaithe i lár Deireadh Fómhair 2010.

# Roinn na nAiltirí

**Scéimeanna á nUllmhú**

**Oibreacha Leasúcháin ag Eastát Radharc Bheanna Boirche Na Sceirí (Céim 3)**

Cuireadh an scéim seo de 31 teach isteach mar thairiscint i mí na Nollag 2010.

**Dhá theach ar Ascaill Portlawn, Baile Bhlainséir**

Tá na tithe seo le bheith curtha chun tairisceana i mí Márta 2011.

**An Ceapach Céim 1**

Leasaíodh an scéim seo de bharr athruithe sa choimre agus athruithe i bpolasaí na RCORÁ ar thógáil tithíochta sóisialta nua.

**Tógáil Tithíochta Sóisialta**

Cuireadh scéimeanna do shuíomhanna éagsúla ar fud an chontae faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta arna faomhadh. De bharr na gcúinsí suaite buiséid agus an rósholáthar soiléir tithíochta go náisiúnta, tá an Roinn tar éis éirí i bhfad níos cúramaí i dtaobh ligean do scéimeanna tógála dul ar aghaidh; ag braith, ina áit, ar léasú fadtéarmach mar phíomhbhealach soláthar tithíochta sóisialta.

Tá Roinn na nAiltirí ag díriú ar sholáthar tithíochta do Phobal na dTaistealaithe agus tithíocht inlíonta mar uirlis bainistíochta eastát in aghaidh iompraíochta frithshóisialaí.

**Oiriúnuithe, síntí agus oibreacha beaga ar thithe**

Tugadh tríocha sé oiriúnuithe do dhaoine le riachtanais speisialta chun críche.

Cuireadh dhá shíneadh i gcrích, tosaíodh tógáil ar shíneadh amháin agus cuireadh tairiscint isteach do na seacht gcinn eile i 2010.

# Roinn na nAiltirí

### Cothabháil Tithíochta

Líon na n-áiteanna cónaithe a bhí i stoc na Comhairle i mí Feabhra 2011 ná 4466.

Freagraíodh 8,576 iarratas cothabhála i rith 2010, le 116 iarratas breise cothabhála d'Aonad Cóiríochta na dTaistealaithe.

Deisíodh 173 teach gan áitiú roimh athligean i 2010 le 42 fós á ndeisiú ag deireadh na bliana.

Rinneadh péinteáil agus deisiú seachtrach ar 607 áit chónaithe.

Leanadh le Clár Suiteála Téamh Lárnaigh, agus Clár Inslithe agus Aeraithe na Comhairle i rith 2010.

Rinneadh coirí téimh a chothabháil in 2710 teach. Ligeadh Conarthaí Nua do shuiteálacha téimh lárnaigh, cothabháil agus oibreacha téimh bainteach le hathdheisiú.



### Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF)

Is measúnaí cláraithe é Roinn na nAiltirí do Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh. I 2010 chuir sé teastais RFF ar fáil do 191 áit chónaithe.

De bhreis a luadh thuas, cuireann an roinn seirbhísí nó comhairle ar fáil ar seo a leanas:

- Seirbhísí mapála - Chuir Roinn na nAiltirí seirbhís mhapála ar fáil do cheannach tithe inacmhainne agus tionóntaí arna iarraidh.
- Ceadanna slí – Rinneadh 227 tuarascáil cead slí.

### Foirgnimh Chontúirteacha

Osclaíodh 16 chomhad iniúchta foirgneamh contúirteach nua i 2010. Rinneadh thart ar 300 iniúchadh / athiniúchadh i 2010 chomh maith.

# Roinn na nAiltirí

## Caomhnú

Comhairle tugtha ar bhonn leanúnach don Roinn Pleanála maidir le struchtúir atá faoi chosaint agus iarratais phleanála, chomh maith le mórcheisteanna forfheidhmithe pleanála.

| | |
|---|---|
| • Líon na bpléití réamhphleanála | circa 30 |
| • Líon na dtuairiscí béil ar chomhaid phleanála | 6 |
| • Líon na dtuairiscí scríofa ar chomhaid phleanála | 115 |
| • Líon na gcomhad comhlíonta | 11 |
| • Líon na nIarratas Dearbhaithe (Alt 5 & Alt 57) | 3 |
| • Líon na gCásanna Alt 59 | 2 |
| • Líon na gCásanna Forfheidhmithe | 4 |

Feidhmiú na Scéime Deontais Caomhnaithe

| | |
|---|---|
| • Líon na n-iarratas deontais faighte | 18 |
| • Líon na n-iarratas deontais faofa | 13 |
| • Méid an chúnaimh deontais tugtha | €110,500 |

Fuarthas Deontas Struchtúir Pobail d'oibreacha ar Theach Solais Bhaile Brigín d'athshocrú na bhfuinneog stairiúil ann.

Taifead ar Struchtúir atá faoi Chosaint - Athbhreithniú leanúnach ar thaifead na struchtúr atá faoi chosaint

| | |
|---|---|
| • Líon na struchtúr liostaithe | 798 |

Tá an Oifig Chaomhnaithe tar éis bheith ag obair le Ranna Comhairle eile i rith na bliana, Roinn na bPáirceanna ach go háirithe, trí bheith páirteach ar an gCoiste Comhairleach Oidhreachta. Tá sé tar éis moltaí a chur isteach mar gheall ar bhainistíocht na Struchtúr Stairiúil agus Faoi Chosaint ar leis an gComhairle iad. Tá sé tar éis páirt a ghlacadh chomh maith i bhFóram Oidhreachta agus grúpa stiúrtha ar líon Tionscadal Plean Oidhreachta ina n-áirítear:

- Tionscadal na nAcmhainní Seandálaíochta
- Tionscadal Oidhreachta na hAiltireachta Cósta
- An Tionscadal Oidhreachta Tionsclaíoch

Dhréachtaigh an Oifig Chaomhnaithe coimrí ar ullmhú dhá Phlean Caomhnaithe do Chaisleáin na Brí Móire agus Soird agus Teach an Droichid Mhóir in 2010.

D'eagraigh an Roinn "Seimineár Ar Éifeachtacht Fhuinnimh i dTithe Stairiúla" i mí na Samhna 2010 i bpáirtíocht le Cumann Seoirseach na hÉireann chun comhairle a chur ar úinéirí Struchtúr atá Faoi Chosaint i dtaobh uasghrádaithe fuinnimh dá gcuid reádmhaoine.

# Roinn na nAiltirí

## PLEANÁIL

### Tuarascálacha Ailtireachta

Tá tuarascálacha scríofa ag an Roinn ar ábhair ailtireachta maidir le forbairtí suntasacha príobháideacha a bheith beartaithe sa Chontae agus tá siad tar éis páirt a ghlacadh i gcruinnithe réamhphleanála ar iarratas ón Roinn Pleanála.

### Plean Forbartha 2011-2017

Ghlac an roinn páirt in ullmhú Dréachtphleain Forbartha don Chontae. Dhréachtaigh an Oifig Chaomhnaithe an chaibidil "Seandálaíocht & Oidhreacht Ailtireachta" agus aguisín ar "Taifead na Struchtúr atá Faoi Chosaint", ach go háirithe. Bhí tionchar suntasach chomh maith ag an roinn ar chaibidil ar Fhine Gall Uirbeach agus Tuaithe, agus aguisín ar Threoirlínte Deartha do Thithíocht Tuaithe.

# An Roinn Iompair

Tá an Rannóg Iompair freagrach as bainistiú éifeachtach nó gluaiseacht daoine, feithiclí, ainmhithe agus earraí ar bhealach slán éifeachtach tíosach ó áit go háit laistigh d'Fhine Gall ar an gcóras líonra na mbóthar poiblí.

Tá bainistíocht Roinn Iompair Chomhairle Contae Fhine Gall ar aon dul le doiciméid bheartas in n-áirítear an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, Straitéis OIBÁC 2000-2016, Transport 21 agus Pleananna agus Straitéisí Forbartha reatha Chomhairle Contae Fhine Gall. Na príomhphíosaí reachtaíochta ábhartha ná:

- Acht na mBóithre 1993 - 2007
- Na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2008
- An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil & Forbairt) 2000 – 2007



# An Roinn Iompair

## PRÓISEAS IOMPAIR / RÉIMSE SEIRBHÍSÍ

Cuireann an Roinn Iompair raon leathan seirbhísí ar fáil do Chontae Fhine Gall, mar atá léirithe thíos;

**Rialú ar úsáid na mbóithre**

Fodhlíthe, comharthaíocht & líneáil, moilliú tráchta, Córais Iompair Chliste, MLBanna, Glacadh de chúram, cead slí, Alt 254 Ceadúnas do throscáin sráide, comharthaíocht turasóirí

**Próiseas Daonlathach**

Comhairle Contae, Toghlimistéar & Polasaí Straitéiseach

Cruinnithe Coiste

Comhairleoireacht Phobail

**Sláinte & Sábháilteacht**

Scéimeanna do Bhealaí sábháilte chuig an scoil, seirbhís maoirseachta scoile, raonta rothair, bealaí & trasbhealaí coisithe, cúrsaí oiliúna rothair & gluaisrothair & maoirseoirí bunscoile. Staitisticí timpistí bóthair

Pas Sábháilte & oiliúint shábháilteachta

**Iompar**

**Éifeachtach, Sábháilte, Inrochtana,**

**Iompar tíosach daoine & earraí**

**Airgeadas**

Luach ar airgead, soláthar glas, Córas Agresso, deontais,

OIBÁC, ÚBN

**Oibríochtaí**

Deisiú, cothabháil & atógáil líonra, Oibreacha bóthair ilbhliantúil, cothabháil cosán bhliantúil, faoiseamh tuilte, soilsiú poiblí, cláir fáil/teorann & ghlantacháin, Cothabháil Gheimhridh

**Pleanáil**

Úsáid talún agus pleanáil iompair, dearadh nua bóthair, acmhainneacht reatha bóthar a choimeád chomh maith le forbairt a éascú

Bainistíocht Éilimh & tionscnaimh inbhuanaithe iompair

# An Roinn Iompair

## Dearadh agus Tógáil Bhóthar

Tá an Roinn seo freagrach as ullmhú dearthaí mionsonraithe agus doiciméadacht chonartha do scéimeanna suntasacha bóthair ar fud an Chontae.

I rith 2010, cuireadh oibreacha tógála i gcrích ar Scéim Feabhsaithe Bóthair Bhaile Cúlann - An Cheapaigh. Cuireadh Ráiteas Tionchair Timpeallachta d'Oibreacha Uasghrádaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus do Bhóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat faoi bhráid an Bhoird Phleanála. Táthar ag feitheamh ar fhreagra ón mBord don dá ábhar.

Thug an Chomhairle faomhadh Páirt VIII do thogra cuid den M1 a leathnú go trí lána sa dá threo. Tá obair ag dul ar aghaidh anois ar an scéim seo.

Tosóidh obair go luath in 2011 ar athchuir Droichid Mhullach Eadrad. Cisteoidh Oifig na nOibreacha Poiblí mar pháirt de Scéim Faoisimh Tuilte Thulcha an droichead nua.

Tosóidh obair in 2011 ar Nascbhóthar Nua Bhaile an Phóirtéaraigh i mBaile Átha Cliath 15 agus Uasghrádú Chrois an Bharda.

## Rialú Tráchta agus Pleanála

Déileálann Roinn na Tráchta le raon leathan mórcheisteanna rialaithe tráchta, pleanáil tráchta agus bainistíocht tráchta ina gcuimsítear,

- Pleanáil chun cinn do Mhórcheistanna Iompair agus Bóthair, ina n-áirítear cothabháil na hacmhainneachta iompair ar Líonra na mBóithre.
- Measúnú a dhéanamh ar mhórcheisteanna Iompair moltaí a sholáthar don Phlean Forbartha Contae agus na Pleananna Ceantair Áitiúil gaolmhara
- Measúnú ar impleachtaí iompair na n-iarratas pleanála
- Bainistíocht ar Éileamh Taistil, an bunphrionsabal aige ná bealaí malartacha a chur chun cinn in áit carr bheith in úsáid, e.g. áiseanna páirceála agus taistil, siúl, rothaíocht agus pleananna bainistíochta soghluaiseachta etc.
- Moilliú tráchta agus bainistíocht scéimeanna,
- Soláthar Greásáin Mhórlánaí Bus (GMLB) a éascú don Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI)
- Taisteal Cliste is ea an polasaí nua ag an Rialtas d'iompar in Éirinn. "Taisteal Cliste, "Todhchaí Inbhuanaithe Iompair, Polasaí Nua Iompair d'Éire 2009-2020", ar aon dul le "Céad Chreatpholasaí Rothaíochta na hÉireann". Aidhm an tionscadail seo ná modhanna inbhuainaithe iompair a chur chun cinn. Tosaíodh ar thionscadal Píolótach - Bealach Cúrsaíochta Cósta & Tuaithe do Bhaile Brigín agus na Sceirí in 2010.



# An Roinn Iompair

| Gnéithe Tráchta 2010 | Sonraí |
|---|---|
| Comharthaí Tráchta | 101 (91 ar an Uathchóras Monatóireachta) |
| Comharthaí Coisithe | 86 (81 ar an Uathchóras Monatóireachta) |
| Trasrianta Túcánacha | 19 (13 ar an Uathchóras Monatóireachta) |
| Comharthaí Rabhaidh | 21 |
| Trasrianta Sliogacha | 3 |
| Geataí Bus | 1 |

### Gréasán Mórlánaí Bus

Tógáil MLB Caisleán Cnucha ar leanúnint – dáta críochnaithe 2011

Tógáil  Bhealach Bhaile an Huntaigh– dáta críochnaithe 2011

Chuaigh R132 i dtuaisceart Shoird ar aghaidh i rith 2010 agus anois ag céim mhionsonraithe le tairiscint dlite i 2011.

### Íoc agus Taispeáin

Lean na Scéimeanna Íoc agus Taispeáin i mbailte Mhullach Íde, Baile Brigín, na Sceirí, Sord agus an Ros orthu ag oibriú go héifeachtach.

### An Roinn Rialaithe Pleanála

Déileálann an Roinn Rialaithe Pleanála le Pleanáil Chun Cinn agus Rialú Pleanála Iompair, Gnóthaí Bóthair agus an Líonra Bóithre. Cuireann an roinn seo le Plean Forbartha Chomhairle Contae Fhine Gall, Pleananna Ceantar Áitiúil chomh maith le Rialú Pleanála. Phléigh an roinn seo le 911 comhad i rith 2010.

# An Roinn Iompair

## OIBRÍOCHTAÍ IOMPAIR

Tharla Clár suntasach Oibreacha sa Roinn Cothabhála Bóithre ó Iostaí ag Baile Brigín, Sord agus Cúil Mhín i rith 2010 inar áiríodh oibreacha cóirithe dromchla, treisithe, draenála agus faoisimh tuilte, ag cur máchailí ina gceart a tharla de bharr caithimh agus cuimilte agus deisiúcháin linntreog ar bhóithre an chontae atá i gcall deisiúcháin. Tá cothabháil gheimhridh sofaisticiúil agus is páirt lárnach é d'oibríochtaí an chláir, ag tosú ag tús na Samhna go deireadh Aibreáin. Tosaíodh ar chóras Mapála Teirmí ar líonra na bPríomhbhóthar agus tá sé bunaithe ar léamha ó stáisiúin aimsire suite go straitéiseach ar na bealaí, a chuirtear isteach ansin go córas ríomhaire. Déanann an t-údarás áitiúil leathadh salainn/grin dá réir.



## AN CÓRAS RIALAITHE FOIRGNÍOCHTA

Príomhchuspóir na Rialachán Foirgníochta ná freastal ar shláinte, sábháilteacht agus leas na ndaoine in agus timpeall ar fhoirgnimh. Thairis sin, déanann na rialacháin foirgníochta foráil do riachtanais speisialta daoine atá faoi mhíchumas i gcás foirgnimh agus do chaomhnú breosla agus fuinnimh.

Tá sé d'oibleagáid ar an gComhairle faoin Acht um Rialú Foirgníochta, 1990 -2009, monatóireacht agus iniúchtaí a dhéanamh ar gach forbairt nua. Is ar na daoine a dhearann agus a thógann foirgnimh agus úinéirí na bhfoirgneamh, a thosaíonn an próiseas seo de ghnáth, atá an príomhfhreagracht cloí le rialacháin an Achta. Tá na cumhachtaí iniúchta agus forfheidhmithe atá ag Údaráis Rialaithe Foirgníochta Fhine Gall forlíontach go bunúsach don bhun-oibleagáid reachtúil seo.

Déanann Roinn Rialaithe Foirgníochta Fhine Gall iniúchtaí randamacha ar fhoirgnimh agus, más gá, ar na pleananna deartha gaolmhara, chun comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta a chur chun cinn.

In 2010, tógadh 32 eastát comhdhéanta de 3558 áit chónaithe agus 26Cm de bhóthair i gcúram.

### Comhairle Contae Fhine Gall agus an Straitéis Náisiúnta Mhíchumais

Threisigh an tAcht Míchumais, 2005, tiomantas Chomhairle Contae Fhine Gall i leith seirbhís a sholáthar dá gcustaiméirí. Ghlac an Chomhairle le Dearbhú Barcelona i 2002. Tá cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, inrochtaineacht uilíoch, dearadh maith timpeallachta atá sábháilte agus saor ó chonstaicí a spreagadh, atá éasca dár gcustaiméirí uile taisteal ann, ag sníomh trí Phlean Forbartha Chomhairle Contae Fhine Gall 2005-2011.

# An Roinn Iompair

## Oibreacha Inrochtaine do 2010

I rith 2010 chruinnigh grúpa “Fine Gall, Rochtain do Chách” le chéile 4 huaire chun na cuspóirí atá leagtha amach i “bPlean Míchumais Chomhairle Contae Fhine Gall 2008-2010” a chur chun cinn.

I measc na dtionscadal a cuireadh i gcrích i 2010 tá,

- Gleann na hAbhann, Sord – Trasrian Coisithe Nua do chónaitheoirí maolghluaiste agus lagamhairc laistigh den Eastát
- Turais Closamhairc de Cheantair Chaomhnaithe Dúlra agus Páirceanna Réigiúnacha agus Imeallbhord Fhine Gall
- Lána na Gráige, Baile Brigín – Bóthar Inrochtana agus Cosán tógtha do chónaitheoirí agus leanaí scoile
- Chuaigh suíomh gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall beo le Léarscáil Idirghníomhach d’Áiteanna Páirceála do Dhaoine atá Faoi Mhíchumais. Ón Léarscáil, is féidir cuardach a dhéanamh ar gach limistéar (Sord, Mullach Íde, Baile Bhlainséir, srl.) chun suíomhanna na n-áiteanna páirceála a fheiceáil agus na seirbhísí máguaird (gruaigairí, ollmhargadh, etc.). Féadfar, chomh maith, cuardaigh a dhéanamh ar sheirbhísí agus na háiteanna gaolmhara Páirceála do Dhaoine Faoi Mhíchumais a fheiceáil.

  http://maps.fingalcoco.ie/locationpublisher/Layout1.aspx




- Cuireadh 27 Oibreacha Inrochtana Beaga i gcrích chun cáilíocht saoil na ndaoine atá faoi mhíchumais a fheabhsú. Míchumais fhisiceacha, chognaíocha, chéadfacha, aosaithe etc. san áireamh.

# An Roinn Iompair

## An Roinn Mheicniúil agus Leictreach

Bhainistigh an Roinn Mheicniúil cabhlach 253 feithicil agus monarcha bainteach le Cothabháil Bhóthar, Seirbhísí Uisce agus seirbhísí Comhshaoil i 2010 agus reáchtáil sé a sheirbhís deisiúcháin feithiclí féin ó iostaí ag Sord agus Cúil Mhín. Bhí an roinn freagrach chomh maith as cothabháil na stáisiún pumpála uisce agus draenála agus na monarchana cóireála.

I rith 2010, bhainistigh an Roinn Leictreach cothabháil 32,000 solas poiblí ar fud Fhine Gall.

## An Roinn Sábháilteachta Bóithre

An Roinn Sábháilteachta Bóithre a rinne bainistiú ar Sheirbhís na Maor Scoile. Líon iomlán na Maor fostaithe i 2010 ná 90 maor lánaimseartha agus 26 maor cúltaca. Is gné thábhachtach é bainistiú agus cothabháil chlár na maor Scoile den Chlár Sábháilteachta Bóithre agus rinneadh é i 2010 trí:

- Oiliúint, maoirseacht agus riarachán Maor Scoile Fásta
- Oiliúint agus maoirseacht daltaí bainteach le seirbhís na maor scoile sóisearach
- Cothabháil na marcanna péinte ar thrasbhealaí scoile
- Iniúchadh agus cothabháil ar throscáin trasrianta scoile agus comharthaíocht
- Cinntiú go mbíonn gach trasrian ag cloí le riachtanais reachtaíochta agus dea-chleachtas
- Seimineáir bhliantúla maor scoile

Leanadh le Sábháilteacht Bhóthar sa Chontae i 2010 ar na bealaí seo a leanas:

- Comórtais scoile, comórtas ealaíne ar shábháilteacht bhóthar, breithiúnacht agus bronnadh duaiseanna.
- Soláthar faisnéise / ábhair feachtais, bileoga, bandaí muinchille, rialóirí agus pinn luaidhe le fógraí sábháilteachta
- Cúrsaí Oiliúna do Ghluaisrothaithe / cúrsa oiliúna do Rothaithe
- Seachtain Sábháilteachta Bóithre, Lá Siúl ar Scoil
- Taispeántas Sábháilteachta Bóithre san Amharclann Helix do dhaltaí idirbhliana
- Bealaí sábháilte ar scoil agus cur chuige siúil/busanna ilghníomhaireachta a chur chun cinn
- Maidineacha Rothaigh don Bhricfeasta i scoileanna
- Ócáidí rothaíochta agus gluaisrothaíochta i rith Seachtain Shábháilteachta an Phobail

# An Roinn Iompair

### Riarachán Iompair

Déanann Roinn Riaracháin na Roinne Iompair fónamh ar Chruinnithe Coiste Cheantair Bhinn Éadair / Mullach Íde, Caisleán Cnucha/Mullach Eadrad agus Baile Brigín/Limistéir Shoird ar bhonn míosúil.

I rith 2010, dhéileáil an Roinn Riaracháin chomh maith leo seo a leanas:

| | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| Iarratais ar Chead Slí/ Cumarsáid, Iarratais ar Cheadúnais Oscailte Bóithre | 393 | 392 | 219 |
| Iarratais do Dhúnadh Sealadach Bóthaire | 31 | 21 | 28 |
| Iarratais ar Theastais Thógála i gcúram | 357 | 303 | 406 |
| Iarratais ar Chead do Lasta Mínormálta | 417 | 565 | 771 |
| Íoc agus Taispeáin Iarratais: Ceadúnais Chónaitheoirí, Dioscaí Cuairteoirí, Ceadúnais Speisialta | 616 | 754 | 847 |

## EOCHAIR-STAITISTICÍ NA ROINNE BÓTHAIR AGUS TRÁCHTA

### Fad bóthair in aghaidh na catagóire

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bóthair Náisiúnta le Mótar-bhealaí san áireamh | 60km | 60km | 60km |
| Bóithre Réigiúnacha | 225km | 225km | 225km |
| Bóithre Áitiúla | 1002km | 976km | 960km |

### Táscairí Feidhmíochta

| | | | |
|---|---|---|---|
| Costas don m. cearnach do chóiriú dromchla bóithre | €3.2 | €5.2 | €5.2 |
| Céatadán na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúil le dromchla cóireáilte (In aghaidh an mhéadair chearnaigh bhóthair) | 1.4% | 1.1% | 2.0% |

## AN COMHSHAOL

### Athchúrsáil & Diúscairt Dramhaíola



Tá tuarascáil mhionsonraithe ar dhul chun an Phlean Bhainistíochta Dramhaíola Réigiúnaí ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall.

Oibríonn an Chomhairle trí sheirbhís bhailithe araidí cosán (In-athchúrsáilte Tirim, Dramhaíl Orgánach & Dramhaíl Iarmharach), 2 ionad athchúrsála agus líonra 73 banc buidéal.

An Ráta Athchúrsála a bhí ann do Dhramhaíl Tí in 2010 ná 59%.

### Bailiúchán Cosáin de na hábhair In-athchúrsáilte Tirim (Araid Ghlas)

Bailíonn Greyhound Recylcling an araid ghlas thar ceann Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath. Tógtar an t-ábhar chuig Áis Aisghabhála Ábhar i mBaile an Mhóta.

### Bailiúchán Cosáin Dramhaíola Orgánaí (Araid Dhonn)

Cuireadh dramhaíl orgánach ón araid dhonn ar aghaidh go O'Tooles Composting i gCeatharlach, Miltown Compost agus Acorn Recycling i dTiobraid Árann. Déantar an t-ábhar a mhúiríniú faoi dhíon ansin go caighdeán atá oiriúnach d'úsáid talmhaíochta.

### Bailiúchán Cosáin Dramhaíola Iarmharaí

Déantar an dramhaíl tí seo a dhiúscairt trí líonadh talún ó chóras na naraidí dubha do chustaiméirí a bhaineann leas as seirbhís bhailiúcháin araidí Fhine Gall.

### Córas Muirir Tí Bliantúil don Dramhaíl

- €8 gach uair a chuirtear an araid 240L amach le bailiú.
- €4 gach uair a chuirtear an araid 140L amach le bailiú.
- An Muirear Bliantúil Dramhaíola a bhí ann i 2010 ná ?110.00.
- Scéim um tharscaoileadh i bhfeidhm (13,836 Tarscaoileadh Eisithe i 2010).

## Ionaid Athchúrsála agus Bainc Bhuidéil

Reáchtálann an Chomhairle dhá ionad athchúrsála (an tInbhear & Cúil Mhín) agus líonra de 73 banc buidéal ar fud an chontae. Tugann an tábla seo a leanas tonnáistí na meáchan bailithe in 2010.

| | 2010 (Tonnes) | 2009 (Tonnes) |
|---|---|---|
| Gloine | 5,441 | 5,327 |
| Ábhair Mheasctha In-athchúrsáilte (Plaisteach, Cairtchlár, Cannaí Stáin, Stáin Bhia, Páipéir Ilchineálacha, Tetra Pak) | 569 | 728 |
| DTLL (cuisneoirí san áireamh) | 1,303 | 1,486 |
| Éadaí | 350 | 393 |
| Earraí iléagsúla do Chumas Éireann arna athdhíol / athúsáid | 25 | 23 |
| Adhmad, Miotal, Dramhaíl Théagartha, C&D, Gipseam, plástarchlár | 3,749 | 4,464 |
| Dramhaíl Ghlas | 1,045 | 1,185 |
| Cadhnraí (Luaidhe-Aigéadach & Príomhúil) | 37 | 51 |
| Ola Innill agus Chócaireachta | 24 | 24 |
| Sorcóirí Gáis | 5 | 4 |
| Dramhaíl Ghuaiseach Tí (péint, cógais, ábhair ghlantacháin/glantaigh, lotnaidicídí / luibhicídí, Aerasól) | 156 | 172 |
| **IOMLÁN** | **12,704** | **13,857** |

## Dramhthrealamh Leictreonach agus Leictreach

Cur i bhfeidhm na Rialachán um Dhramhthrealamh Leictreonach agus Leictreach 2005. Tá sé den riachtanas toisc seo iniúchadh a dhéanamh ar áitribh chun a chinntiú go bhfuil miondíoltóirí ag comhlíonadh na rialachán agus ag glacadh le DTLL ag Ionaid Athchúrsála in aisce (DTLL Tí agus DTLL ó mhiondíoltóirí chláraithe)

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| Os cionn an bhoinn Per Capita | 5.43 kg/person | 6.19 kg/person |
| DTLL bailithe ó mhiondíoltóirí ag an ERP* | 687 tonnes | 615 tonnes |

*ERP, is ionann seo agus an tArdán Athchúrsála Eorpach, an scéim chomhlíonta faofa d'Fhine Gall

- Tá 544 áitreabh cláraithe leis an ERP (Ardán Athchursála Eorpach) agus DTLL Éireann 2010.
- Tá 114 áitreabh miondíolta cláraithe le Comhairle Contae Fhine Gall chomh maith.

## BONNEAGAR DRAMHAÍOLA

### Líonadh Talún

- I ndiaidh Iniúchóireacht Bhliantúil agus iniúchadh suímh ar cheadúnas dramhaíola woo09-03 eisithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil do Líonadh Talún Bhaile Amhlaoibh, níor aimsíodh aon neamhchomhlíonadh. Tá uasteorannú an mhéadaithe ar an líonadh talún curtha i gcrích do formhór cealla 5 agus 6. Méid an spáis fholúntais do Bhaile Amhlaoibh ag tús 2011 ná thart ar 120,000 tona.
- Thug An Bord Pleanála a gcomhthoil d'fhorbairt líonta talún nua ag Neimhad, Lusca agus d'fhaomh siad ordú ceannaigh éigeantaigh i mí Dheireadh Fómhair 2009. Bhronn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ceadúnas dramhaíola ar an áis ar 27 Bealtaine 2010. Tá agóid ann in aghaidh chinneadh na Gníomhaireachta, trí mheán Athbhreithniú Breithiúnach.

### Forfheidhmiú an Achta agus na Rialachán Bainistíochta Dramhaíola

- D'éirigh le 5 ionchúiseamh ar leith maidir le sárú na nAchtanna Bainistíochta Dramhaíola 1996 i 2010 agus cinneadh ar fhíneálacha agus costais ar luach tuairim is €15,259 a ghearradh ag na Cúirteanna.
- Rinneadh 52 gnólacht a iniúchadh do chomhlíonadh na Rialachán Bainistíochta Dramhaíola (Pacáistiú) 2007
- Tá 19 Cuideachta cláraithe mar féin-chomhlíontóirí i 2010.
- Bronnadh 13 Cheadúnas Dramhaíola agus 1 Theastas Chláraithe i 2010 d'áiseanna aisghabhála dramhaíola faoi na Rialacháin Bhainistíochta Dramhaíola (Ceadúnas Áise agus Cláraithe) 2007-2008.
- 2898 gluaiseacht coinsíneachta dramhaíola guaisí monatóirithe agus rianaithe de réir na Rialachán Bainistíochta Dramhaíola (Iompar Dramhaíola Guaisí) 1998.

### Feasacht i leith an Chomhshaoil

Baineadh úsáid as Feachtais Feasachta Poiblí leanúnacha chun laghdú agus athchúrsáil dramhaíola tí, gnó agus óige a chur chun cinn agus a spreagadh

- 10 Seimineár Múirínithe & Athchúrsála Tí agus Eolas ina dtaobh.
- Clár Scoileanna Glasa An Taisce - 68 Scoil Glas i bhFine Gall i 2010, 5 bhrat tosaigh bronnta. Iomlán de 155 brat bronnta ar scoileanna Fhine Gall.
- Glantachán Náisiúnta Earraigh An Taisce.
- Seachtain Náisiúnta Athchúrsála Repak.
- Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil ÚA - €27,446 in 2010 bronntar ar 9 dtionscadal comhshaoil áitiúil.
- Leanadh leis an gClár Oideachais san in Ionad Athchúrsála an Inbhir le 3 scoil ag tabhairt cuairte i 2010.
- Féilirí Frith-bhruscair agus Graifítí tiomsaithe ó iontrálacha buachana curtha isteach ag daltaí bunscoile agus meánscoile Fhine Gall .

- Seoladh Eicea-Sheachtain Fhine Gall i 2010 mar bhealach faisnéiseach, idirghníomhach le mórcheisteanna comhshaoil a chur chun cinn i gceantar Fhine Gall
- 15 Cheardlann Fuinnimh Inbhuanaithe éascaithe do scoileanna áitiúla
- Fochla Shan Niocláis eagraithe ag ERP i bpáirtíocht leis an bhfoireann Feasachta Comhshaoil i Sord agus Baile Bhlainséir chun athchúrsáil cadhnraí a chur chun cinn
- Tacaíocht tugtha do ghnólachtaí laethanta glasa a eagrú dá gcuid fostaithe
- Fógraí frith-bhruscair agus frith-graifítí táirgthe do gach pictiúrlann i bhFine Gall

### Rialú Bruscair

Tá an Roinn Bainistíochta Bruscair freagrach as scuabadh sráideanna, bailiú bruscair, baint diúscairt mídhleathaí, agus folmhú agus athsholáthar boscaí bruscair.

- 1,111 fíneálacha eisithe i 2010
- Córas Monatóireachta Náisiúnta do Truailliú Bruscair.
- Baineadh 4 fheithicil thréigthe agus 8 bhfeithicil dóite i 2010. De bhreis air sin, bhain 27 cónaitheoir leas as ár seirbhís go mbainfí a bhfeithicil a bhí ag deireadh a saoil.

### Rialú Cáilíochta Aeir

Cuirtear é seo ar fáil ar bhonn gníomhaireachta ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

- 5 stáisiún monatóireachta aeir i bhFine Gall ag tomhas cáilíochta an aeir. Tá siad seo suite i gClochrán, Sord, Mullach Íde, Baile Brigín agus Baile Bhlainséir.
- Glacadh le Plean Réigiúnach Bainistíochta Cáilíochta Aeir nua i bpáirtíocht le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dún Laoghaire Ráth an Dúin agus Comhairle Contae Oirthear Bhaile Átha Cliath. Léiríonn léamha go dtí seo go ndéantar gach sprioc sa Phlean a chomhlíonadh go bunúsach.
- Tháinig 90 gearán isteach i 2010.

### Rialú Torainn

Déanann Oifigigh Sláinte Chomhshaoil gearán a iniúchadh.

- Tháinig 152 gearán isteach i 2010.
- Déanann an sealbhóir tí déileáil go díreach le gearáin chónaithe sa Chúirt Dúiche faoi Alt 108 d'Acht na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil 1992.

### Reiligí

- Déanann an Roinn Comhshaoil 34 reilig a reáchtáil agus a bhainistiú.
- Thosaigh an próiseas reachtúil d'fhorbairt reilige nua ag Baile an Phléimeannaigh, Baile Brigín do déanach i 2009. An dáta tosaithe ionchais 1/3/2011 agus an dáta aistrithe ná 31/8/2011.

# Forbairt Chomhshaoil, Eacnamaíoch & Shóisialta

### Tránna & Uisce Snámha

- 48 ciliméadar d'imeallbhord i bhFine Gall.
- 9 dtrá a cheaptar gur áiseanna áineasa luachmhara iad.

  Baile Brigín, Na Sceirí South, Loch Sionnaigh, Oirthear an Rois, Port Reanna, Domhnach Bat, Mullach Íde, Port Mearnóg, Cill Fhionntain (Bóthar an Choincéir).

  Glanadh tránna.

  Áiseanna rochtana.

  Monatóireacht rialta ar shamplaí uisce farraige déanta chun comhlíonadh na Rialachán AE a chinntiú.



- 36 garda tarrthála fostaithe ag 10 stáisiún ó Mheitheamh go Meán Fómhair 2010.

### Madraí & Capaill

- 313 Capall gaimhnithe ag póna na Comhairle i 2010.
- 479 madra urghafa agus 98 curtha chuig an bPóna Madraí i 2010
- 4584 madra ceadúnaithe i bhFine Gall i 2010.
- Ón 1ú Deireadh Fómhair 2010, nuair a tháinig an modh íocaíochtaí isteach, tá 170 úinéir madra tar éis a dtáille ceadaithe a íoc ar líne.

### Cuanta

- Rinneadh athphointeáil ar bhallaí chuain Bhaile Brigín i rith na bliana.
- Baint agus diúscairt árthaí éilithe i ngach cuan.
- Athchóiriú ar theach solais Bhaile Brigín agus scartáil mhonarchan oighir ag na Sceirí.
- Cothabháil áiseanna loingseoireachta ag Baile Brigín, na Sceirí, Loch Sionnaigh agus Mullach Íde.

## EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA BAINISTÍOCHTA ATHCHÚRSÁLA AGUS DARMHAÍOLA CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL 2010

| TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| **Eascairtí Dramhaíola (ED) agus Athchúrsáil** | | | |
| Dramhaíl Tí chuig Líonadh Talún i bhfoirm Tonnáistí | 31,232 | 37,789 | 54,458 |
| Dramhaíl Tí Athchúrsáilte i bhfoirm Tonnáistí | 29,811 | 29,325 | 27,839 |
| Dramhaíl Mhúirínithe i bhfoirm Tonnáistí (Araid Dhonn) | 15,701 | 16,785 | 9,481 |
| ED Tí ó thithe (líonadh talún & Athchúrsáil) | 76,744 | 83,899 | 91,778 |
| % Dramhaíola Tí Athchúrsáilte | 59 | 55 | 41 |
| **Acmhainní Bainistíochta Dramhaíola (ÚA)** | | | |
| Líon Áiseanna Pobail | 2 | 2 | 3 |
| Líon Bainc 'Fág Anseo' | 73 | 73 | 77 |
| Tithe le Araidí Glasa | 61,890 | 65,301 | 86,600 |
| **Forfheidhmiú Bruscair** | | | |
| Líon na Maor Bruscair | 6 | 6 | 6 |
| Líon na bhFíneálacha Bruscair eisithe | 1,111 | 1,397 | 1,180 |
| Líon na bhFíneálacha Bruscair Íoctha | 591 | 708 | 712 |
| Luach Iomlán na bhFíneálacha Bruscair Íoctha | €915.70 | €109,260 | €107,220 |
| **Truailliú Bruscair** | | | |
| % Gan Bhruscar | N/A | 13.50 | 3.55 |
| % Ar bheagán Bruscair | N/A | 63.00 | 63.45 |
| % Le Meánmhéid Bruscair | N/A | 23.00 | 30.97 |
| % Le méid mór Bruscair | N/A | 0.50 | 2.03 |
| % Le méid an-mhór Bruscair | N/A | 0.09 | 0 |
| **Gearáin Chomhshaoil** | | | |
| Líon Iomlán na nGearán | 3,587 | 4,511 | 4,240 |
| Líon na ngearán imscrúdaithe | 3,314 | 4,189 | 3,943 |
| Líon na nGnás Forfheidhmithe Glactha | 45 | 72 | 80 |

# Forbairt Chomhshaoil, Eacnamaíoch & Shóisialta

| Rialacháin um Phacáistiú Dramhaíola (m.sh. rial. pacáistithe nó ceadúnais) | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| Líon na nGnólachtaí ata ina gcomhaltaí de Repak | 350 | 342 | 355 |
| Líon na nGnólachtaí Féin-Chomhlíonta (le Comhairle Contae Fhine Gall) | 19 | 20 | 21 |
| **Scoileanna atá Páirteach i gCláir Chomhshaoil** | | | |
| % na mBunscoileanna le Brait Ghlasa | 85 | 82 | 78 |
| % na Meánscoileanna le Brait Ghlasa | 92 | 92 | 83 |
| Líon na dTránna le Brat Gorm | 1 | 0 | 1 |

## AN ROINN FORBARTHA EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

### Páirceanna Tionsclaíochta Chomhairle Contae Fhine Gall

| | |
|---|---|
| Páirc Thionsclaíochta Bhaile Dama | 38 gnólacht ag obair laistigh den Pháirc.<br>18 heicteár breise ar fáil do dhiúscairt. |
| Eastát Tionsclaíochta Chúil Mhín | 55 gnólacht ag obair laistigh de 12.14 heictear. |
| Talamh Thionsclaíochta Cheapaigh | 13 heicteár talún ar fáil do dhiúscairt. |
| Páirc Thionsclaíochta Bhaile Stiofáin | 7 Cuideachta ag obair laistigh den Pháirc.<br>10 acra de Thalamh Tionsclaíochta Ghinearálta ar fáil do dhiúscairt.<br>Máistirphlean Deartha agus Tírdhreacha Uirbigh curtha i gcrích do thailte Eolaíochta & Teicneolaíochta le 40 acra ar fáil le díol. |
| Páirc Ghnó na Bá | Oifig na bPas Baile Brigin, Bridgestone Éireann, agus 22 aonar 'doras féin' laistigh den Pháirc. |
| Chomhfhiontar idir Pháirc Choláiste | Gnó & Teicneolaíochta agus C.F.I. Éireann.<br>Tá anInstitiúd Teicneolaíochta, Digiweb agus creis ag obair laistigh de pháirc 93.07 heicteár. |
| Lanistown, Tuirbhe | 40 heictéar de thalamh tionsclaíochta ar an R132 faoi bhun 1 ciliméadar ón M1 ag Halla an Leasáin.<br>Tá TESCO ag reáchtáil ionaid shuntasaigh lóistíochta ar an suíomh. |

# Forbairt Chomhshaoil, Eacnamaíoch & Shóisialta

### Ionaid Fiontraíochta



D'oscail an Chomhairle a thríú Ionad Fiontraíochta in Márta 2010. Tá an t-ionad seo in Draighneán, Sord, ag leanúint dea-shampla dhá ionad eile , i Mullach Eadrad agus Baile Brigín, i soláthar spáis tionscnaimh agus áiseanna oiliúnta do ghnólachtaí bunaithe i bhFine Gall. Bhuaigh Ionad Fiontraíochta Draighneáin "Dámhachtain an Ardchaighdeáin Seirbhíse Poiblí is Fearr" ón gCumann Lucht Tráchtála i 2010 agus bhí sé ar an ngearrliosta chomh maith do "Dhámhachtain Forbartha Eacnamaíoch" an Chomhlachais agus "Dámhachtain don Fhoirgneamh Tráchtála is Fearr" ó Chumann Comhaltaí na nÚdarás Áitiúil chomh maith. Tá 62 cuideacht suite sna hIonaid Fhiontraíochta agus 227 post iontu.

### Cur chun cinn Turasóireachta

Lean tacaíocht airgeadais ón gComhairle lucht riaracháin agus reáchtála Turasóireacht Fhine Gall ar aghaidh trína chomhaltaíocht ar an mbord agus trí bheith páirteach i gcláir tráchtála agus aonaigh tomhaltóirí, promóisin ar an láthair, fógraíocht shonraithe, feachtais chaidrimh phoiblí agus seolta dhírigh agus treoirleabhair thurasóireachta.
www.fingaldublin.ie

### Pleanáil /Margaíocht agus Cur Chun Cinn Eacnamaíochta

#### Mórlána Eacnamaíochta An Meitreo Thuaidh

Tá forbairt leanúnach á dhéanamh ag an Roinn Forbartha Eacnamaíochta ar an Straitéis Forbartha Eacanamaíochta do Mórlána Eacnamaíochta an Meitreo Thuaidh agus aithint deiseanna eacnamaíochta agus fostaíochta fadtéarmacha a thiocfaidh as tógáil an Meitreo Thuaidh. Tá Mórlána Eacnamaíochta an Meitreo Thuaidh comhdhéanta de ciliméadar talún ar ceachtar taobh den Líne Meitreo Thuaidh molta, agus áirítear ceantair Halla an Leasáin, Sord, Aerfórt Bhaile Átha Cliath agus Imeall na Cathrach.

#### Margaíocht Fhine Gall

Rinneadh an ceathrú Suirbhé Gnó agus Fostaíochta i bhFine Gall i rith 2010. Iarradh ar os cionn ceithre mhíle go leith gnólachtaí sa chontae a ndearcthaí a thabhairt ar mhórcheisteanna ar nós iomaíochais, coinníollacha trádála agus fostaíocht. Úsáidfear an-chuid de na mórcheisteanna a aithníodh chun an próiseas cinnteoireachta laistigh de Chomhairle Contae Fhine Gall a stiúradh amach anseo.

#### Fóram Eacnamaíochta Fhine Gall

Tharla Fóram Eacnamaíochta Fhine Gall i mí na Samhna 2010, áit ar bhuail Stiúrthóirí Bainistíochta de chuid mhór gnólachtaí móra Fhine gall le Bainisteoir Contae Fhine Gall agus feidhmeannaigh sinsearacha ó na príomhghníomhaireachtaí forbartha gnó stáit. Stiúrfaidh na mórcheisteanna a aithníodh sa fóram seo cinntí polasaí eacnamaíochta sa chontae amach anseo.

# Forbairt Chomhshaoil, Eacnamaíoch & Shóisialta

### Liostú Réadmhaoine Tráchtála

Bhí éileamh mór ar Liostú Réadmhaoine Tráchtála gréasán-bhunaithe Fhine Gall arís i mbliana i measc gnólachtaí Fhine Gall. Is seirbhís in aisce í do ghnólachtaí Fhine Gall, agus liostaíonn sé spás Tráchtála agus Fiontraíochta, Aonaid agus Tailte Tionsclaíocha ar fáil ar cíos, léas nó le ceannach i bhFine Gall. Tá an bunachar sonraí seo ar fáil trí shuíomhanna gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall agus www.fingalworks.ie chun tacú le cuideachtaí spás oiriúnach a fháil chun freastal ar a gcuid riachtanas. .

### Suíomh Gréasáin Fingalworks

Tá forbairt agus leathnú leanúnach á dhéanamh ar shuíomh gréasáin www.fingalworks.ie. Is acmhainn ar líne é a chuireann eolas ar fáil do thionscnaimh ghnó, gnólachtaí láithreacha, infheisteoirí agus dóibh siúd a bhfuil spéis acu i ngnó a dhéanamh i bhFine Gall nó bheith ag maireachtáil ann. Seoladh an suíomh i 2009 le comhoibriú na Roinne Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh, CFI Éireann, Fiontraíocht Éireann, Bord Fiontar Contae Fhine Gall agus an-chuid gníomhaireachtaí tacaíochtaí oideachais agus gnó i bhFine Gall. Cuireann Fingalworks.ie eolas sonrach ar fáil ar leas sóisialach, iomarcaíocht, maoiniú gnó, oiliúint, meantóireacht, staidéir indéantachta agus taighde agus forbairt i bhformáid inrochtana. Tá an t-aiseolas go léir a tháinig ó seoladh an suíomh gréasáin an-dearfach ar fad agus bhuaigh an suíomh 'Dámhachtain Comhpháirtíocht le Gnó' Chomhlachais Éireann ag Dámhachtainí na nÚdarás Áitiúil 2010 chomh maith.

## An Roinn Eorpach

### Líonra na gCathracha Imeallacha

Lean Comhairle Contae Fhine Gall air ag glacadh páirte agus ag cur le Líonra na gCathracha Imeallacha ata tar éis bailte agus cathracha ar imeallacha príomhchathracha na hEorpa a thabhairt le chéile ó 1996. Aidhm leanúnach an líonra seo ná réitithe eacnamaíochta agus sóisialta ar dhúshláin a roinnt leis na comhaltaí eile.

### Struchtúir/Áiteanna Dainséaracha/Láithreáin Tréighte

Rinneadh 64 aonad réadmhaoine sábháilte/neamhthréigthe in 2010.
Cuireadh aonad réadmhaoine amháin ar chlár na láithreán tréigthe ar an 32 Nollaig 2010.

# An Roinn Pleanála

## IARRATAIS PHLEANÁLA

Líon na n-iarratas pleanála a tháinig isteach ná 1192, (ónar aimsíodh go raibh 162 neamhbhailí). Seo laghdú 11% ar figiúr 2009 de 1340.

## IARRATAIS AR BHONNEAGAR STRAITÉISEACH

I gcúrsa na bliana rinne an Bord Pleanála i bhFine Gall cinneadh ar thrí Iarratas Bonneagair Straitéisigh.

**SID/02/08**
Meitreo Thuaidh - Bronnta 27/10/2010

**SID/01/09**
Túr Rialaithe Físe, Baile Átha Cliath - Bronnta 12/02/10

**SID/01/10**
Athrú ar bhealach Eirgrid - Bronnta 06/08/10

## PLEAN FORBARTHA 2011-2017



Tá ullmhú Phlean Forbartha Fhine Gall ar cheann de na feidhmeanna is tábhachtaí a bheadh ag Comhairle Contae. Cuireann an Plean Forbartha creat straitéiseach ar fáil do gach forbairt nua sa Chontae thar saolré an phlean, do chosaint agus leasú áiseanna an Chontae, agus to chomhordú soláthar bonneagair le húsáid talún láithreach agus todhchaí.

I rith 2009 tharla comhairliúchán réamhdhréachta suntasach pobail agus páirtithe leasmhara maidir leis an dréachtphlean forbartha. Chuaigh an chéad dréacht den Phlean Forbartha ar taispeáint go poiblí ón 2 Aibreán 2010 go dtí an 14 Meitheamh 2010 (10 seachtaine). Fuarthas 1058 aighneacht i rith na tréimhse comhairliúcháin, 225 aighneacht ghréasáin agus 883 aighneacht láimh. Bhí ceithre ghné ag baint leis an bpróiseas comhairliúcháin - Taispeántais, Laethanta Oscailte, Preas agus Suíomhanna Gréasáin. Léiríonn an líon aighneachtaí a fuarthas an leibhéal suntasach agus maith spéise atá ag an bpobal sa phróiseas pleanála.

I ndiaidh na tréimhse taispeána 10 seachtaine, ullmhaíodh Tuarascáil Bhainisteora a dhéanann achoimre ar na mórcheisteanna ar cuireadh béim orthu sna 1058 aighneacht agus moltaí i leith na n-aighneachtaí seo. Eisíodh an Tuarascáil do na Comhaltaí Tofa ar an 3 Meán Fómhair 2010.

Rinne na Comhaltaí machnamh ar an Dréachtphlean Forbartha agus Tuarascáil an Bhainisteora thar tréimhse 12 sheachtain (suas chuig an 26 Samhain 2010). Rinneadh an Dréachtphlean agus Tuarascáil an Bhainisteora agus na Rúin ar chuir na Comhaltaí isteach a chíoradh ag cruinnithe i mí Deireadh Fómhair, áit ar chinn an Chomhairle an Dréachtphlean a leasú de réir a.12(6) den Acht Pleanála & Forbartha 2000, arna leasú.

Cuireadh an dréachtphlean, atá comhdhéanta de leasuithe bainteacha molta i rith chruinniú na Comhairle i mí Deireadh Fómhair, ar taispeáint ar an 17 Nollaig 2010, suas chuig an 24 Eanáir 2011.

# An Roinn Pleanála

### Pleananna do Cheantair Áitiúla

Glacadh le Pleananna do Cheantair Áitiúil i nGort an Ghiolcaí, Baile Foster agus an Seanbhaile-Baile an Mhúraigh Sord in 2010.

### Cruthaíodh na tuarascálacha Neamh-Reachtúla seo a leanas i 2010

- Creatphlean Uirbeach Bhaile Bhlainséir
- Staidéar Iarnród An Rois, Lusca
- Straitéis d'Ionad Uirbeach Domhnach Bat
- Torthaí ar infhaighteacht tithíochta chuig an Roinn comhshaoil
- Comhairle Contae Fhine Gall - aighneacht chuig Treoirlínte Pleanála na Roinne Comhshaoil
- Staidéar - An Coinicéar

### Rialú Tógála

Fuarthas agus déileáladh le 229 aighneacht do Theastais Shábháilteachta Dóiteáin san iomlán i rith na bliana.

Fuarthas 433 Fógra Tosaithe.

Fuarthas agus faomhadh scéimeanna ainmnithe bóithre agus uimhreacha maidir le 6 scéim.

### Comhlachtaí Seachtracha

I gcúrsa na bliana bhí ionadaithe ón Roinn Pleanála ag seasamh thar ceann na Comhairle sna comhlachtaí seachtracha seo a leanas:

- Comhdháil na Réigiún Aerfoirt (ARC), comhdhéanta d'údaráis áitiúla ón Aontas Eorpach agus na Stát Fáis a bhfuil aerfoirt mhóra suite ina limistéir féin. Tá Uachtaránacht ARC ag Comhairle Contae Fhine Gall faoi láthair.
- QLAIR – Cáilíocht Bheatha i Réigiúin Aerfoirt
- Plean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Eacnamaíoch Réigiún Bhaile Átha Cliath
- An Coiste Idirghabhála Scoile  - An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- Fóram Forbartha an Imill Thuaidh - Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Fhine Gall.
- An Coiste Náisiúnta don Bhliain Idirnáisiúnta Bhithéagsúlachta 2010
- Grúpa oibre do Pholasaí agus Cleachtas Seandálaíochta bunaithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil
- Grúpa Oibre na Comhairle Oidhreachta.

# An Roinn Pleanála

### Bannaí agus Ranníocaíochtaí

An tAcht Pleanála agus Forbartha 2000 - Alt 28 Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha

Bailíodh méid de €7.5 milliún faoin Scéim agus tá socruithe céimnithe comhaontaithe nó i mbun idirbheartaíochta amháin maidir le gach aighneacht bheo ar a ndéantar foráil dó sa reachtaíocht.

Eisíodh 138 litir rabhaidh i 2010 do neamh-íocaíocht tobhach forbartha.

### Plean Oidhreachta Fhine Gall

Is plean gníomhaíochta cúig bliana é an Plean Oidhreachta a dhéileálann le gach gné dár gcuid oidhreachta ina gcuimsítear ár bhfiadhúlra, imeallbhord agus tuath, ár n-oidhreacht ailtireachta, ár stair áitiúil agus cultúir. Tá gach ceann de na gníomhaíochtaí stiúrtha ag an gcoincheap go ndéanann ár n-oidhreacht pobail áitiúla a chothú agus a threisiú agus go gcuireann sé go mór cinntiú go bhfuil cáilíocht beatha maith ag cách.

Is plean comhpháirtíochta é an Plean Oidhreachta a ullmhaíodh le páirt ghníomhach ag Fóram Oidhreachta Fhine Gall ann, le raon leathan eagraíochtaí reachtúla agus deonacha ata bainteach le mórcheisteanna oidhreachta i bhFine Gall áirithe ann. Is iad an Fóram a d’ullmhaigh an Plean agus bhí deis ag an bPobal páirt a bheith acu sa phróiseas chomh maith. Ghlac an Chomhairle leis an bPlean i mí Iúil 2005. Tá cur i bhfeidhm an Phleain stiúrtha ag Oifigeach Oidhreachta na Comhairle. Chaith an Chomhairle ?78,660 ar an bPlean Oidhreachta in 2010. Chuaigh an Chomhairle isteach chun, agus ghnóthaigh siad, cistiú de os cionn ?37,000 ón gComhairle Oidhreachta.

I rith 2010 rinneadh obair ar raon leathan tionscadal oidhreachta ina n-áirítear seo a leanas:

### Tionscadail Oidhreachta 2010

1. Plean Fearainn Phoiblí Bhaile Brigín.
2. Tionscadal Oidhreachta Imeallbhoird GIS.
3. Plean Bainistíochta do Phortach na Roinne.
4. Breithmheas Oidhreachta ar Phlean Forbartha éiritheach Fhine Gall 2011-2017
5. Tionscadal Oidhreachta Tionsclaíoch
6. Seachtain na hOidhreachta:
7. Ársachtaí Fhine Gall a bhí: Seandálaíocht Thuaisceart Chontae Átha Cliath
8. Seimineár: Ag Aimsiú Fhine Gall Meánaoiseach



# An Roinn Pleanála

| **Táscairí Feidhmíochta** | **2010** | **2009** | **2008** |
|---|---|---|---|
| Aighneachtaí Nua Cláraithe | 1192 (162 neamhbhailí) | 1340 (191 neamhbhailí) | 2235 (471 neamhbhailí) |
| Líon na nAighneachtaí Socruithe | 1103 | 1320 | 2116 |
| % na nDeontas | 83% | 80% | 75% |
| % na nDiúltuithe | 17% | 20% | 25% |
| % a ndearnadh cinneadh ina dtaobh laistigh de 2 mhí | 70% | 72% | 75% |
| Líon na n-aighneachtaí A faighte | 747 (118 neamhbhailí) | 1028 (139 neamhbhailí) | 1474 (326 neamhbhailí) |
| Líon na n-aighneachtaí B faighte | 445 (44 neamhbhailí) | 312 (52 neamhbhailí) | 761 (145 neamhbhailí) |

**Staitisticí Forfheidhmithe**

| **Forfheidhmiú** | **2010** | **2009** | **2008** |
|---|---|---|---|
| Líon iomlán na gcásanna faoi réir gearán a ndearnadh imscrúdú orthu | 322 | 466 | 456 |
| Líon iomlán na gcásanna faoi réir gearán atá díbhthe | 144 | 236 | 323 |
| Líon na ngnás forfheidhmithe ar cuireadh i bhfeidhm trí litreacha rabhaidh | 124 | 223 | 280 |
| Líon na ngnás forfheidhmithe ar cuireadh i bhfeidhm trí fhógraí forfheidhmithees | 76 | 85 | 104 |
| Líon na n-ionchúiseamh | 28 | 27 | 28 |
| (Dúiche - 157) | (15) | (23) | (19) |
| (Ardchúirt/Cúirt Chuarda - 160) | (13) | (4) | (9) |

# Acmhainní Daonna

## ISO 9001

Sa bhliain 2010, i ndiaidh dian-iniúchóireachta ón Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, bhí an Roinn Acmhainní Daonna mar an chéad roinn AD riamh in Earnáil na Rialtas Áitiúil ar bronnadh an Caighdeán Cáilíochta Bainistíochta ISO 9001:2008 dá Soláthar Seirbhísí Acmhainní Daonna.

Ba é an Roinn Oiliúna Acmhainní Daonna an buaiteoir foriomlán chomh maith i 2010 i gCatagóir na hEarnála Poiblí de na Dámhachtainí Náisiúnta Oiliúna ag Instítiúid Oiliúna agus Forbartha na hÉireann. Tugann an dámhachtain seo chun suntais dea-chleachtas agus tiomantas leanúnach i leith oiliúna agus forbartha in Éirinn agus bronnadh é ar Chomhairle Contae Fhine Gall mar aitheantas ar an bhforbairt a rinne an Chomhaire ina n-acmhainneacht inmheánach de bheith nuálach agus éifeachtachtaí a gineadh tríd a gcuid foirne ardoilte.

Léiríonn an dá mhórghníomh seo ár dtiomantas láidir d'ardchaighdeán agus d'fheabhsú leanúnach inár soláthar seirbhísí.



## EARCAÍOCHT

D'fhostaigh Comhairle Contae Fhine Gall 1444 comhalta foirne (FTE) ar 31/12/2010 mar a shonraítear an tábla seo a leanas:-

| | Lánaimseartha | Sealadach | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Riarachán | 531 | 6 | 537 |
| Proifisiúnta | 139 | 8 | 147 |
| Teicniúil | 187 | - | 187 |
| Ceirdeanna | 81 | - | 81 |
| Oibrithe Ginearálta | 492 | - | 492 |
| **Iomlán** | **1,430** | **14** | **1,444** |

# Acmhainní Daonna

## PINSINÉIRÍ

Chuaigh 39 comhalta foirne ar scor i 2010, chuaigh duine amháin ar scor faoin Scéim Dreasaithe Luathscoir.

## OILIÚINT FOIRNE

Reáchtáladh 87 Cúrsa Oiliúna in 2010 a chuir 1031 áit oiliúna ar fáil do chomhaltaí foirne.

Bhain 99 fostóir leas as an Scéim Oideachais Foirne i 2010

### Táscaire Feidhmíochta

Sláinte Chorparáideach - Céatadán na laethanta caillte de bharr asláithreachta breoiteachta: 5.11%

### Caidreamh Tionsclaíoch

Tá a taifead maith fós ag an gComhairle maidir le caidreamh tionsclaíoch.

## SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

Rinneadh na gníomhaíochtaí seo a leanas i rith 2010;

- Dámhachtain Sábháilteachta ó ENSÉ bainte amach ag Ionad Cóireála Uisce Fhine Gall
- 108 iniúchadh sábháilteachta curtha i gcrích
- 33 iniúchóireacht sábháilteachta curtha i gcrích
- Rinneadh an Ráiteas Sábháilteachta Corparáideach a athbhreithniú go hiomlán and eisíodh do chomhaltaí uile na foirne é.

# Teicneolaíocht Na Faisnéise

Tá an Roinn Teicneolaíochta Faisnéise (TF) freagrach as úsáid straitéiseach teicneolaíochtaí faisnéise i gComhairle Contae Fhine Gall chun tacú le réimsí gnó a gcuid cuspóirí a bhaint amach trí éifeachtúlachtaí agus éifeachtach a fheabhsú.

Cuireann an Roinn TF soláthar seirbhísí do shaoránaigh, comhaltaí foirne agus ionadaithe tofa poiblí ar fáil trí chainéil éagsúla ar nós deascanna fáilte, gléasanna taistil, Idirlíon agus úsáid teicneolaíochtaí eile ar nós GIS agus Web 2.0

**Tionscadail**

Rinne an Roinn TF líon áirithe tionscadal suntasach i gcomhpháirtíocht le Ranna Comhairle éagsúla eile i rith 2010, ina gcuimsítear –

- Uasghrádú Croí-Infrastruchtúir Líonra i Halla an Chontae, Sord
- Tairiscint do Chomhdhlúthú agus Fíorúlú Ardán Windows
- Uasghrádú ar naisc Líonra Achair Fhairsing
- Uasghrádú agus méadú ar acmhainneacht an naisc Idirlín
- Cur i bhfeidhm infrastruchtúir T.F. don Phlean d'Éigeandálaí Móra
- Cur i bhfeidhm córais do Chomhaireamh Leictreonach Vótaí do Chruinnuithe Comhairle
- Méadú ar Luach Poiblí trí –
    - Twitter a úsáid d'fhógraí poiblí
    - Áis féinseirbhíse a thabhairt isteach i Leabharlanna
    - Breathnóir Caiteachais Oibre a sholáthar
    - Seoaldh suíomh gréasáin Sonraí Oscailte Fhine Gall
- Méadú ar Luach Corparáideach trí –
    - Cur i bhfeidhm CRM san Iompar

# Teicneolaíocht Na Faisnéise

## MÓRGHNÍOMHARTHA

D’éirigh le dhá thionscadal IT ag na Dámhachtainí Ardchaighdeáin Comhalachas Éireann in Rialtais Áitiúla 2010 –

- Dámhachtain Nuálaíochta sa Teicneolaíocht don Bhreathnóir Caiteachais Oibre ar líne
- Dámhachtain Comhthionscnaimh na nÚdarás Áitiúil do Chomhairlí Contae Fhine Gall agus Dún Laoghaire/Ráth Dúinn dá gcóras Aighneachtaí Ar Líne do Phleananna Forbartha.

Bhain Comhairle Contae Fhine Gall rud eile amach in 2010 nar dearnadh riamh roimhe –

- 1ú Suíomh Gréasáin Oscailte de Shonraí Rialtais sa tír le Sonraí Oscailte Fhine Gall http://data.fingal.ie



# Teicneolaíocht Na Faisnéise

## DEASC SEIRBHÍSE

| **Staitisticí na nGlaonna** | **2010** | **2009** |
|---|---|---|
| Glaonna ag an Deasc Seirbhíse Logáilte | 5,952 | 8,736 |
| Meánlíon na nglaonna don mhí | 496 | 728 |
| Meánlíon na nglaonna in aghaidh an lae | 23 | 31 |
| Réitithe laistigh de 24 uair | 57% | - |
| **Ráta Sásachta ó Chustaiméirí** | | |
| Sásta leis an tSeirbhís | 91% | 90% |
| Míshásta leis an tSeirbhís | 3% | 3% |
| Ní Míshásta ná Sásta leis an tSeirbhís | 6% | 7% |

## MIONDEALÚ AR GHLAONNA CHUIG AN DEASC SEIRBHÍSE 2010



# An Roinn Airgeadais

## Déileálann an Roinn Airgeadais le maoiniú gearrthéarma agus fadtéarma oibríochtaí na Comhairle ar chineál Ioncaim agus Caipitil ar aon.

I gceist leis seo tá:-

- ioncam agus caiteachas i ngach réimse a mhonatóiriú agus a rialú
- riachtanas iasachta agus léasa a shocrú agus
- infheistíocht chistí

Cinntíonn an Roinn Airgeadais chomh maith go ndéantar cleachtais chuntasaíochta reachtúla agus airgeadais, ata bainteach le gach airgead, íoctha ag, nó leis, an Chomhairle a chomhlíonadh. Ullmhaítear an Ráiteas Airgeadais (cuntais ag deireadh na bliana) ar bhonn cuntasaíochta fabhraithe e.g. caiteachas agus ioncam agus clár comhardaithe.

Glantar ioncam nó caiteachas laethúil na Comhairle ó fhoinsí ar nós:-

- Rátaí Tráchtála
- Deontais Rialtais
- cineálacha eile ioncaim ar nós :-
  - cíos ar thithíocht
  - muirear dramhaíola tí
  - muirir dhramhaíola tráchtála
  - táillí iarratais pleanála
  - muirir ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha

Tá an méid airgid caipitil atá ar fáil ag braith ar leithdháiltí an Rialtais i réimsí na Tithíochta, Iompair, Seirbhísí Uisce agus Seirbhísí Comhshaoil.

### An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tá sé mar aidhm ag an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Déanach ar Idirbhearta Tráchtála) 2002 a chinntiú go n-íocann gach Comhlacht Phoiblí agus Conraitheoir atá ar conradh san earnáil phoiblí na méideanna atá dlite do sholáthraithe go pras. I gcás nach ndéantar íocaíocht laistigh de thréimhse 30 lá ó dháta fála a sonraisc, caithfear pionóis úis a íoc.

Rinneadh monatóireacht leanúnach ar leibhéal agus cineál na sonrasc amuigh i rith na bliana agus glacadh céimeanna nuair ba chuí chun comhlíonadh an Achta a chinntiú.

I gcúrsa na bliana 2010 níor thabhaigh an Chomhairle aon phionós úis

| Táscairí Feidhmíochta: | 2010 | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| Rátaí Tráchtála (Méid bailithe mar & den mhéid dlite) | 83.85% | 88.52% | 94.97% |
| Muirir Uisce/Fuíolluisce Tráchtála (Méid bailithe mar & den mhéid dlite) | 71.7% | 67.9% | 78.83% |

# An Roinn Airgeadais

## RÁITEAS AR AN GCUNTAS IONCAIM

don Bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2010

| Caiteachas | DRÉACHT 2010 | 2009# |
|---|---|---|
| Tithíocht & Tógáil | 33,720,849 | 36,846,448 |
| Iompar & Sábháilteacht Bhóthair | 27,351,570 | 29,553,356 |
| Uisce & Séarachas | 41,088,150 | 46,156,846 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 14,285,351 | 17,522,848 |
| Caomhnú Comhshaoil | 46,189,059 | 54,905,605 |
| Áineas & Áiseanna | 31,194,419 | 35,184,022 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Sábháilteacht | 18,625,866 | 17,531,108 |
| Ilchineálach | 21,064,454 | 15,548,524 |
| **Ollchaiteachais Foriomlán** | **233,519,718** | **253,248,757** |
| **Ioncam** | | |
| Tithíocht & Tógáil | 34,261,654 | 33,012,531 |
| Iompar & Sábháilteacht Bhóthair | 11,415,655 | 10,560,821 |
| Uisce & Séarachas | 14,941,840 | 17,790,624 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 2,600,805 | 2,594,490 |
| Caomhnú Comhshaoil | 16,486,465 | 19,168,296 |
| Áineas & Áiseanna | 3,689,198 | 4,089,418 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Sábháilteacht | 17,387,224 | 16,292,840 |
| Ilchineálach | 5,758,335 | 6,223,371 |
| **Ioncam Foriomlán** | **106,541,176** | **109,732,391** |
| **Glanchaiteachas** | **126,978,542** | **143,516,366** |
| Atá cistithe ag: | | |
| Rátaí Contae | 118,535,544 | 128,955,984 |
| Ciste na Rialtas Áitiúil | 24,835,290 | 27,159,837 |
| Déaduchtú Bainteach le Pinsin | 3,787,063 | 3,244,861 |
| **IOMLÁN** | **147,157,897** | **159,360,682** |
| Barrachas/(Caillteanas) don Bhliain roimh Aistruithe | 20,179,355 | 15,844,316 |
| Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí | (19,977,331) | (13,762,390) |
| | 202,024 | 2,081,926 |
| Iarmhéid tosaigh @ 1 Eanáir | 17,448,786 | 15,366,860 |
| **Iarmhéid deiridh @ 31 Nollaig** | **17,650,810** | **17,448,786** |